# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

PLEAN SEIRBHÍSE

2020

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

QQI AWARD

| Bord BOO Chiarraí (ó mhí Márta 2020) | |
|---|---|
| An Comh. Jim Finucane (An Cathaoirleach) | Maryanne Slattery Uasal |
| An Comh. Terry O'Brien (An Leas-Cathaoirleach) | Catherine O'Sullivan Uasal |
| An Comh. Fionnán Fitzgerald | Noel Keenan Uasal |
| An Comh. Maura Healy-Rae | Maria O'Gorman Uasal |
| An Comh. Marie Moloney | Joan McCrohan Uasal |
| An Comh. Norma Moriarty | Zaid Kassoob Uasal |
| An Comh. Niall O'Callaghan | Joseph Brennan Uasal |
| An Comh. Aoife Thornton | Tim Daly Uasal |
| An Comh. Michael Cahill | John O'Roarke Uasal |
| An Comh. Deirdre Ferris | |
| An Comh. Cathal Foley | |
| An Comh. Johnnie Wall | |

| BOO Chiarraí, Meitheal Feidhmiúcháin 2020 | |
|---|---|
| Colm Mac Giolla Bhuí Uasal | Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin |
| Ann O'Dwyer Uasal | An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceol |
| Maria Brennan Uasal | An Stiúrthóir, Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| Owen O' Donnell Uasal | An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna |

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
QQI AWARD

# Clár na nÁbhar


*Teachtaireacht ón gCathaoirleach* 1

*Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach* 2

*Réamhrá* 4

*Struchtúr Eagraíochtúil* 5

*Misin agus Bunluachanna* 6

*Seirbhísí BOO Chiarraí* 7

*Léarscáil Gheografach BOO Chiarraí* 8

*Áitribh BOO Chiarraí* 9

*Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022* 10

*Ráiteas Inghlacthachta Riosca BOO Chiarraí 2020* 12

*Measúnú ar Sheirbhísí nach Bunseirbhísí iad* 14

*Ráiteas ar Sheirbhísí – Comhaontú Seachadta Feidhmíochta* 15

*Ráiteas ar Sheirbhísí – An Colún Scoileanna, Óige agus Ceoil* 18

*Ráiteas ar Sheirbhísí – An Colún Breisoideachais agus Oiliúna* 29

*Ráiteas ar Sheirbhísí – An Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta* 43

*Foscríbhinn I: Gluais Téarmaí* 56

*Foscríbhinn II: Liosta Fíoracha* 57

*Leithdháileadh Buiséid & Caiteachas Réamh-mheasta* 58



# Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Is cúis áthais dom, agus mé i mo Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, fáilte a chur romhat chuid Plean Seirbhíse BOO Chiarraí 2020.

Forbraíodh Plean Seirbhíse BOO Chiarraí 2020 de réir Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022 agus de réir Chód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna (Imlitir 0002/2019). Tugtar léargas ann ar réimse leathan spriocanna, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí don bhliain 2020 mar a leagtar amach faoi gach ceann de na trí cholún a bhaineann le soláthar seirbhíse:

- Scoileanna, an Óige agus Ceol,
- Breisoideachas agus Oiliúint agus,
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

Tá *Plean Seirbhíse 2020* ag teacht leis na naoi sprioc straitéiseacha atá sa Ráiteas Straitéise:

1. Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
2. Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán
3. Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna
4. Rochtain agus Dul Chun Cinn
5. Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt
6. Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara
7. Éifeachtúlacht agus Freagracht i Rialachas agus i gCeannaireacht
8. Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid
9. An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

Is é seo an chéad phlean seirbhíse a dhéanfaidh Bord nuabhunaithe BOO Chiarraí a fhaomhadh ós rud é gur bunaíodh an bord reatha i mí Iúil 2019. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil agus comhghairdeas a dhéanamh le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt *Phlean Seirbhíse 2020*, go háirithe na Stiúrthóirí agus baill na Foirne Ardbhainistíochta.

Creidim go leagann *Plean Seirbhíse 2020* spriocanna uaillmhianacha amach don bhliain atá romhainn ach is spriocanna réalaíocha atá iontu mar sin féin. Beidh mé ag súil le bheith ag obair le baill den Bhord agus den Bhainistíocht Feidhmiúcháin chun *Plean Seirbhíse 2020* a chur i bhfeidhm go rathúil.

**An Comhairleoir Jim Finucane**
**An Cathaoirleach**



# *Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach*

D'fhorbair Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí *Plean Seirbhíse 2020* de réir na riachtanas a leagtar amach in Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tugtar aghaidh sa phlean ar na nithe seo a leanas:

1. na Seirbhísí a bheartaíonn an Bord a sholáthar in 2020
2. meastachán ar Ioncam agus ar Chaiteachas don bhliain 2020

Tá soláthar *Phlean Seirbhíse 2020* ag teacht leis na spriocanna straitéiseacha, mar a leagtar amach i Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022 iad, agus leis na spriocanna atá sa Chomhaontú maidir le Soláthar Feidhmiúcháin atá ar feitheamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Is eagraíocht fhuinniúil agus fhorásach é BOO Chiarraí agus eagraíodh a sholáthar de réir na gcolún gníomhaíochta seo a leanas:

- Scoileanna, an Óige agus Ceol
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

Cuirtear síos i *bPlean Seirbhíse 2020* ar na príomhréimsí ar tosaíochtaí forbartha iad in 2020 ar fud na scéime. Go bunúsach, soláthraíonn BOO Chiarraí seirbhís oideachais agus oiliúna lena n-áirítear leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile mar aon le breisoideachas agus oiliúint. Tá béim ar fud na gceithre cholún ar fhreastal ar riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí, ar thacú le caighdeán soláthair na foirne agus ar chloí le caighdeáin mhaithe rialachais de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas BOOanna. Agus muid ag pleanáil ár soláthair don bhliain 2020, cuireadh bainistiú riosca go mór san áireamh agus tugann an BOO aghaidh uirthi seo de réir a ráitis inghlacthachta riosca.

In 2020, tá roinnt príomhthosaíochtaí ann laistigh de gach colún, mar shampla:

- Scoileanna, an Óige agus Ceol – cur i bhfeidhm céimneach an mhúnla úir mhaoiniúcháin do sheirbhísí oibre don óige, "UBU – Your Place Your Space".
- Breisoideachas agus Oiliúint – tacú le bunú Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí).
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta – tacú le bunú aonad láraithe soláthair do BOO Chiarraí.

Beidh mé ag súil le bheith ag obair le baill an Bhoird, leis na Stiúrthóirí, le baill den Ardbhainistíocht agus leis an bhfoireann chun an soláthar a leagadh amach i bPlean Seirbhíse 2020 a chur i bhfeidhm go rathúil. Déanfar tuairisc ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm an phlean i dTuarascáil Bhliantúil 2020.

Táimid ag súil go mór le 2020

**Colm McEvoy**
**Príomhfheidhmeannach**

*Foireann:*

c. 1,100

*Buiséad Bliantúil:*

c. €67 milliún

*Buiséad Caipitil Bliantúil:*

c. €8 milliún

*Mic Léinn Lánaimseartha:*

c. 4,009

*Mic léinn breisoideachais agus oiliúna:*

c. 11,500

*Ionad BOO Chiarraí:*

36

*Scoileanna Comhpháirtíochta:*

4

*Cuireadh cláir fhor-rochtana ar fáil in*

os cionn 100 ionad

*Fíor 1: Achoimre BOO Chiarraí*


# *Réamhrá*

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, de bharr gur scaoileadh Coiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí a bhíodh ann roimhe sin. Baineann struchtúr corparáideach leis a chuimsíonn bord a cheaptar go daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúcháin).

Freastalaíonn BOO Chiarraí ar limistéar an chontae agus ar dhaonra tuairim is 147,707 duine. Tá Ciarraí ar an gcúigiú contae is mó as measc 32 chontae na hÉirean agus is é an 15ú contae is mó é de réir daonra. Is spéisiúil nach bhfuil teorainn aige ach le dhá chontae eile: Contae Luimnigh ar an taobh thoir agus Contae Chorcaí ar an taobh thoir theas.

Is eagraíocht il-láithreáin é BOO Chiarraí agus áitribh aige i suíomhanna éagsúla ar fud an chontae, ina soláthraítear Oideachas Bunscoile agus Iarbhunscoile, Breisoideachas agus Oiliúint, agus Oideachas Allamuigh. Reáchtálann BOO Chiarraí cúrsaí in áitribh nach le BOO Chiarraí iad freisin, i bpobail ar fud an chontae.

Cuireann BOO Chiarraí deiseanna Oideachais agus Oiliúna ar fáil do bhreis agus 15,000 foghlaimeoir gach bliain. Faoi láthair, tá breis agus 1,100 ball foirne fostaithe ag BOO Chiarraí agus iad ag obair i suíomhanna éagsúla ar fud Chontae Chiarraí.




*Fíor 2: Suíomhanna Ionaid BOO Chiarraí*


# *Struchtúr Eagraíochtúil*

An Príomhfheidhmeannach (PF) atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin an BOO agus tugann triúr Stiúrthóirí tacaíocht dó sa ról sin. Is iad sin:

- An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil
- An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- An Stiúrthóir um Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Léiríonn róil an triúir Stiúrthóirí na trí cholún maidir le soláthar seirbhíse atá ag an BOO, agus údarás dáilte go foirmiúil ar gach Stiúrthóir ina ról, i gcomhréir le hAlt 16 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Léiríonn an chairt eagraíochta ardleibhéil seo a leanas struchtúr eagraíochtúil BOO Chiarraí ar an iomlán.





*Fíor 3: Struchtúr Eagraíochtúil*

# *Misin agus Bunluachanna*

## ÁR MISEAN

***Sochaí foghlama ar feadh an tsaoil i gCiarraí a chruthú agus a chur chun cinn, ionas go mbeidh teacht ag gach duine a chónaíonn ann ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn chun go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúir, eacnamaíocha agus shibhialta.***




*Fíor 4: Bunluachanna BOO Chiarraí*

## ÁR MISEAN

***Tá ár mBunluachanna dírithe ar a chinntiú go mbíonn sé de cheart ag gach duine teacht a bheith aige ar dheiseanna oideachais agus oiliúna go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach. Tá sé mar aidhm againn na luachanna seo a chur i bhfeidhm trínár ngníomhaíochtaí agus trínár gcuid gníomhaíochtaí agus iompraíochtaí.***

# Seirbhísí BOO Chiarraí

Áirítear sna seirbhísí a sholáthraíonn BOO Chiarraí oideachas bunscoile i dtrí bPobalscoil Náisiúnta agus oideachas iar-bhunscoile in ocht nIar-Bhunscoil. Tá BOO Chiarraí tiomanta freisin do Sheirbhísí Óige, Cláir Chruthaitheacha agus Cláir Cheoil a chur ar fáil tríd an tionscadal Music Generation.

In 2019, bhunaigh BOO Chiarraí coláiste ar leith don Bhreisoideachas agus Oiliúint agus cúig champas anois ar fud Thrá Lí agus Lios Tuathail. Déantar Breisoideachas agus Oiliúint a sholáthar i dtuairim is 21 ionad Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) agus i ndeich gcinn de bhailte ar fud an chontae. Déantar na seirbhísí ar fad a sholáthar ar bhonn áitiúil.

Is iad sprioc-chliaint BOO Chiarraí:

- Mic léinn agus/nó a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Foghlaimeoirí fásta
- Lucht fágála scoile
- Cuardaitheoirí poist
- Daoine fostaithe ar mian leo oiliúint nua nó athoiliúint a fháil
- Fostóirí atá ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar bhearnaí ó thaobh scileanna de
- Pobail agus Grúpaí Pobail
- Daoine óga
- Eagraíochtaí Deonacha

| Soláthar Seirbhíse 2020 | Líon Suíomhanna | Líon Rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Leibhéal Bunscoile | 3 | c.56 |
| Leibhéal Iar-Bhunscoile | 8 | c.2575 |
| Oiliúint Bhreisoideachais | 21 | c.8937 |
| Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (lena n-áirítear cúrsaí oiliúna, printíseachtaí agus an Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (CIA)) | (5) | c.3236 |
| Oideachas agus Oiliúint Allamuigh | 2 | - |
| Ionad Spóirt agus Fóillíochta Réigiúnach | 1 | - |
| **Iomlán an tSoláthair** | **35** | **c.14804** |

# *Léarscáil Gheografach BOO Chiarraí*

Cónaíonn formhór dhaonra Chiarraí i gceantair thuaithe (65%) lasmuigh de na príomhbhailte.

Léirítear i nDaonáireamh 2016 gur tháinig méadú idir 2011 agus 2016 ar an difríocht sa mheán-aois idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha. In 2016, bhí an mheán-aois náisiúnta den daonra a bhí ina chónaí i gceantair thuaithe 2.4 bhliain níos sine ná an daonra i gceantair uirbeacha, i gcomparáid le difríocht 1.9 bhliain in 2011. Is gné choitianta den daonra tuaithe é an laghdú ar dhaoine idir 19 agus 25 bliain d'aois i gceantair thuaithe, de réir mar a bhogann daoine fásta óga ar shiúl chun staidéar agus obair a dhéanamh. Déanann rátaí ísle beireatais agus ionchas saoil níos faide an scéal níos measa fós.


Cé go ndéanann príomhlíne an líonra traenach agus Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí freastal ar Chiarraí faoi láthair, is minic gurb annamh a bhíonn seirbhísí iompair phoiblí sna ceantair imeallacha. Mar gheall ar an mbonneagar bóithre is minic turas gearr ó thaobh ciliméadar de a bheith níos faide ó thaobh ama de ná mar a bheadh sé i gceantair eile ina bhfuil líonra bóithre níos fearr. Maidir leis an achar a thógann sé ar dhaoine a bhíonn ag tiomáint chun seirbhísí poiblí a bhaint amach, tá 128.7km sa turas aduaidh ó Thairbeart go Dairbhre agus tógann sé breis agus 2 uair an chloig; tá 80km sa turas anoir ón Ráth Mhór go Daingean Uí Chúis agus tógann sé sin uair go leith.

Mar fhreagra ar fhadhbanna tuaithe, tá scoileanna agus ionaid BOaO ag BOO Chiarraí i mbailte beaga ar fud an chontae agus sna suíomhanna uirbeacha níos mó. D'fhorbair BOO Chiarraí cur chuige for-rochtana straitéisí tuaithe i dtaca le soláthar oideachais agus oiliúna, agus seirbhísí ar fáil i ndeich gcinn de bhailte agus i nach mór 36 ionad ina ndéantar oideachas Bunscoile agus Iar-Bhunscoile mar aon le BOaO a sholáthar.


Baineann sainréimse ar leith le gach ionad, agus leas á bhaint as na buntáistí a bhaineann leis an suíomh ina bhfuil sé. Tá gairdíní pobail agus áiseanna gairneoireachta i roinnt ionad BOaO, agus tá ceann eile ina speisialtóir sna healaíona pobail. Tá cuid eile díobh lonnaithe i limistéir Ghaeltachta agus tá cuid eile arís i lár phríomhlimistéar talmhaíochta nó Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

## Tá ionaid ag BOO Chiarraí i ndeich gcinn de bhailte:

1. Trá Lí
2. Cill Airne
3. Lios Tuathail
4. Oileán Chiarraí
5. An Tochar
6. Cill Orglan
7. Daingean Uí Chúis
8. Cathair Saidhbhín
9. An Coireán
10. Neidín



# Áitribh BOO Chiarraí




### ADMINISTRATIVE OFFICES

Cóiríocht na Príomhoifige

### BUNSCOILEANNA

Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle, Cill Airne
Pobalscoil Náisiúnta Thathuile, Tathuile
Scoil an Ghleanna Pobalscoil Náisiúnta

### IAR-BHUNSCOILEANNA

Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
Scoil Chuimsitheach an Tóchair
Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín
Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí
Coláiste Pobail Chill Airne
Coláiste Pobail Chill Orglan
Coláiste na Ríochta, Lios Tuathail
Coláiste Gleann Lí, Trá Lí

### COLÁISTE BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ (COLÁISTE CHIARRAÍ)

Coláiste Chiarraí, Bóthar na Claise
Coláiste Chiarraí, Sráid Deiní
Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail
Coláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile
Coláiste Chiarraí, an Oifig Iontrála

### IONAID BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Ionad Oideachais d'Aosaigh Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín
Ionad Oideachais d'Aosaigh Uí Tóchair, an Tóchar
Ionad Oideachais d'Aosaigh Neidín
Ionad Ealaíon Pobail agus Oideachais Tech Amergin, an Coireán
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin

### SCÉIM DEISEANNA OILIÚNA GAIRMOIDEACHAIS (SDOG)

SDOG Thrá Lí
SDOG Chill Airne
SDOG Lios Tuathail
SDOG Chiarraí Theas & South Kerry VTOS & Ógtheagmháil, Cill Orglan (agus Ionad Oideachais d'Aosaigh Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín, Contae Chiarraí)

### LITEARTHACHT AOSACHT & BUNOIDEACHAS

Ionad Litearthachta & Bunoideachais d'Aosaigh, Trá Lí
Ionad Pobail Oileán Chiarraí
Seirbhís Foghlama d'Aosaigh, Cill Airne
Oideachas d'Aosaigh agus Bunoideachas, Lios Tuathail

### ÓGTHEAGMHÁIL

Ógtheagmháil Thrá Lí
Ógtheagmháil na hArdteistiméireachta Feidhmí (AF), Áras an Phobail, Trá Lí
Ógtheagmháil Chill Airne
Ógtheagmháil Lios Tuathail

### OIDEACHAS ALLAMUIGH

Ceapaigh na Lao, an tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (INOOA), Cill Orglan (lena n-áirítear Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne)

### IONAD SPÓIRT

Tralee Regional Sports and Leisure Company Limited by Guarantee

### SEIRBHÍS FOR-ROCHTANA

Breis agus 100 ionad ar fud an chontae.

### PARTNERSHIP SCHOOLS

| Scoil | Comhphátrún/ Iontaobhaithe | Ionadaíocht ar an mBord Bainistíochta (BB) |
|---|---|---|
| 1. Pobalscoil Inbhear Scéine | Iontaobhaithe | 3 |
| 2. Pobalscoil Chorca Dhuibhne | Comhphátrún | 3 |
| 3. Scoil Phobail Sliabh Luachra | Iontaobhaithe | 3 |
| 4. Scoil Chuimsitheach Thairbirt | Iontaobhaithe | 2 |

# Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022

In 2018, sheol Aire na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Brendan Griffin, Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-22, i gCeapaigh na Lao, an tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (INOOA). Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha atá ag an BOO agus na straitéisí atá aige d'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach.

## Spriocanna Straitéiseacha

Aithníonn an Ráiteas Straitéise naoi sprioc straitéiseacha:

### SPRIOC 1: CLÁIR ATÁ AITHEANTA AGUS AR CHÁILÍOCHT DHEARBHAITHE AR LEIBHÉAL NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

***Fócas:*** *Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a sholáthar atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.*

### SPRIOC 2: TEAGASC AGUS FOGHLAIM AR ARDCHAIGHDEÁN

***Fócas:*** *Feabhas leanúnach a chur ar ár n-acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh agus foghlama eagraíochta a chur chun cinn go mbeidh muinín ag gach geallsealbhóir as cáilíocht agus ábharthacht ár gcuid clár agus cúrsaí.*

### SPRIOC 3: FREAGAIRTÍ NUÁLACHA OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

***Fócas:*** *Réitigh agus freagairtí atá nuálach agus cruthaitheach a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais foghlama agus forbartha a bhíonn ag daoine óga agus aosaigh i sochaí a bhíonn de shíor ag athrú.*

### SPRIOC 4: ROCHTAIN AGUS DUL CHUN CINN

***Fócas:*** *: Tacú le mic léinn agus le foghlaimeoirí teacht a fháil ar dheiseanna oideachais agus oiliúna agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus tacú leo dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais, fostaíochta agus/nó forbairt phearsanta de.*

### SPRIOC 5: COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ TÁIRGIÚLA A FHORBAIRT

***Fócas:*** *Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana le comhlachtaí ábhartha ar leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an leas is mó a bhaint as ár gcumas chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus oibre don óige i gCiarraí.*

### SPRIOC 6: RANNPHÁIRTEACHAS LE PÁIRTITHE LEASMHARA

***Fócas:*** *Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár seirbhísí.*

### SPRIOC 7: ÉIFEACHTACHT AGUS CUNTASACHT I RIALACHAS AGUS I GCEANNAIREACHT

***Fócas:*** *A chinntiú go bhfaigheann ár spriocanna straitéiseacha tacaíocht éifeachtach ónár bpróisis bhainistíochta agus riarachán chun a chinntiú go gcomhlíonfar na caighdeáin is airde ó thaobh cuntasachta, comhlíonta agus trédhearcachta de.*

### SPRIOC 8: MARGAÍOCHT, BRANDÁIL AGUS CUMARSÁID

***Fócas:*** *Ár seirbhísí a mhargú, ár mbranda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir ar bhealach éifeachtach.*

### SPRIOC 9: AN TIMPEALLACHT OIBRE AGUS FOGHLAMA A FHEABHSÚ

***Focus:*** *Na deiseanna oiliúna agus forbartha agus na háiseanna atá ar fáil do bhaill foirne a fhorbairt agus a bhreisiú chun feabhas a chur ar an timpeallacht ina n-oibríonn baill foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.*

## Cur i bhFeidhm

Aithníonn BOO Chiarraí go bhfuil sraith táscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiúchán na heagraíochta ar cheann de príomhrudaí a chinnteoidh go gcuirfear an straitéis i bhfeidhm go héifeachtach. Forbraíodh teimpléid tuairiscithe cuir i bhfeidhm do gach ceann de na trí cholún chun go mbeadh an eagraíocht in ann dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise a phleanáil, a thaifeadadh agus a fhoilsiú gach bliain.

I gcás gach ceann de na spriocanna straitéiseacha do 2020, forbraíodh táscairí intomhaiste ar leith, idir tháscairí cainníochtúla agus táscairí cáilíochtúla, agus cuireadh taobh leis na trí cholún iad. I measc na dtáscairí feidhmiúcháin seo, tá:

- Tuairisciú éifeachtúlachta,
- Táscairí éifeachtúlachta,
- Monatóireacht ar ionchur agus aschur,
- Monatóireacht ar thorthaí/spriocanna.

Déanann gach colún gníomhaíocht a ailíniú le Plean Seirbhíse 2020 gach ráithe (ceithre huaire in aghaidh na bliana) trí chur i gcríoch na dTuarascálacha Feidhmithe. Cabhraíonn an cur chuige tuairiscithe seo le BOO Chiarraí dul i dtreo bhaint amach an Ráitis Straitéise ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Fágann na tuarascálacha feidhmithe go mbeidh sonraí níos cuimsithí, níos bailí agus níos iontaofa againn ar ár seirbhísí i gcaitheamh na bliana. Roinntear méadracht agus torthaí feidhmiúchán le páirtithe leasmhara i gcónaí ar mhaithe le pleanáil a fheabhsú i rith na bliana agus ar mhaithe le haird a tharraingt ar an ról atá ag an oideachas agus an oiliúint i gCiarraí.

| TUARASCÁIL FEIDHMIÚCHÁIN SHAMPLACH | | | |
|---|---|---|---|
| **Sprioc 1 Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**<br>***Fócas:*** *Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a sholáthar atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta* | | | |
| **Gníomhaíochtaí (An méid a dhéanfaimid)** | **Plean Seirbhíse 2020** | **Bainte Amach in 2020** | **Trácht** |
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir agus na cúrsaí oideachais agus oiliúna a thairgimid faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus go bhfuil siad aitheanta ar leibhéal idirnáisiúnta. | | | |
| 2. Leanúint lena chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis atá cuí maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna faoinár gcoimirce. | | | |
| 3. Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta d'Obair don Óige. | | | |
| 4. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal. | | | |
| 5. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna/ár gcoláistí/ár n-ionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na gcigireachtaí/na gcuairteanna sin i bhfeidhm go héifeachtach. | | | |

*Fíor 5: Dréacht-Thuarascáil Feidhmiúcháin*

# Ráiteas Inghlacthachta Riosca BOO Chiarraí 2020

D'fhorbair BOO Chiarraí an dréachtráiteas inghlacthachta riosca seo a leanas a ndéanfar tuilleadh scagtha air le linn 2020. Táimid ag súil leis gur próiseas atrialach a bheidh ann agus táimid i gcomhairle leis an Instițiúid Riaracháin Phoiblí chun comhairle a chur ar fáil maidir le gnéithe dá fhorbairt.

## Dréacht-Ráiteas Inghlacthachta Riosca BOO Chiarraí 2020

Glacann bainistíocht feidhmiúcháin Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí lánfhreagracht as bainistiú éifeachtach rioscaí agus deiseanna féideartha faoi cheannaireacht agus faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Bhord an BOO.

Déantar bainistíocht ar rioscaí in BOO Chiarraí faoi chreat a chuimsíonn:

- próisis rialachais
- Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus Polasaí Bainistithe Riosca ar leith
- rioscaí suntasacha a aithint, a mheas, a thuairisciú agus a bhainistiú
- próisis dearbhaithe agus iniúchóireachta
- an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

Tá BOO Chiarraí tiomanta do chinnte a dhéanamh nach nglactar aon rioscaí nach bhfuil gá leo nó atá do-ghlactha a d'fhéadfadh an eagraíocht nó aon cheann dá pháirtithe leasmhara a chur i mbaol nó a d'fhéadfadh baint amach aidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta a chur i mbaol. Aithnítear, áfach, go bhféadfadh le meon ina mbítear go mór i gcoinne rioscaí a fhágáil nach ndéanfaí deiseanna a uasmhéadú agus nach mbeifí in ann gníomhú go deimhneach i gcás athruithe sa timpeallacht sheachtrach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Luíonn an fhreagracht as gníomhaíochtaí an BOO a bhainistiú laistigh den Pholasaí Riosca agus den Inghlacthacht Riosca le bainistíocht an BOO, go háirithe leis an bPríomhoifigeach Riosca

Is é an cur chuige atá ag BOO Chiarraí an teagmháil a bhíonn aige le riosca cáile, comhlíontachta agus airgeadais a mhaolú, agus glacadh le méid áirithe riosca agus méid áirithe riosca a chur chun cinn agus é ag iarraidh a mhisean agus a chuspóirí a bhaint amach. Aithníonn sé go n-athraíonn a inghlacthacht riosca ag brath ar an ngníomhaíocht a bhíonn faoi chaibidil, agus go mbraitheann a inghlacthacht riosca i gcónaí ar chinnte a dhéanamh go dtuigtear na buntáistí agus na rioscaí féideartha go hiomlán sula gceadaítear aon fhorbairtí, agus bearta ciallmhara a bhunú d'fhonn an riosca a mhaolú.

| | Do-ghlactha riosca a thógáil > > > > > > > > > > > > > > > Níos toilteanaí rioscaí a thógáil | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| Gníomhaíocht Airgeadais | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíocht Straitéiseach | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíocht Oibríochtúil | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíocht Cháile | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíocht Chomhlíontachta | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíocht Timpeallachta | | | | | | | | | | |

Tugtar inghlacthacht riosca BOO Chiarraí dá ghníomhaíochtaí ar fad sna ráitis seo a leanas:

***Gníomhaíocht Airgeadais:*** Tá sé mar aidhm ag BOO Chiarraí a inmharthanacht fhadtéarmach airgeadais agus a neart airgeadais ar an iomlán a choinneáil. Níl aon inghlacthacht riosca ag BOO Chiarraí maidir le gníomhaíochtaí a chuirfeadh as dá bhonn atá slán ó thaobh an airgeadais de nó a chuirfeadh soláthar maoinithe leithdháilte ar mhalairt slí.

***Gníomhaíocht Straitéiseach:*** D'fhonn a chuspóirí a bhaint amach, ní mór do BOO Chiarraí a bheith toilteanach riosca a thógáil agus glacadh le riosca. Cinnteoidh an BOO go dtuigfear buntáistí agus rioscaí féideartha sula socraítear forbairtí agus go gcuirfear na bearta cuí i bhfeidhm chun riosca a mhaolú.

***Gníomhaíocht Oibríochtúill:*** Tá sé mar aidhm ag BOO Chiarraí aon chaillteanais mar gheall ar phróisis inmheánacha a bhí uireasach nó nár éirigh leo, earráid dhaonna, córais nó eachtraí seachtracha. Áiríonn riosca oibríochtúil calaois, cleachtais fostaíochta, cleachtais agus próisis ghnó, damáiste do shócmhainní fisiciúla, cur isteach ar ghnó agus teipeanna córas.

***Gníomhaíocht Cháile:*** Tá sé ríthábhachtach go gcoinneodh BOO Chiarraí an dea-cháil atá air. Baineann inghlacthacht riosca íseal leis an BOO mar sin agus aon ghníomhaíochtaí ar bun a d'fhéadfadh seo a chur i mbaol, poiblíocht dhíobhálach mhíchuí a spreagadh nó a fhágáil go gcaillfeadh an pobal agus an Rialtas muinín ann.

***Gníomhaíocht Chomhlíontachta:*** Tá BOO Chiarraí tiomanta do na caighdeáin mhacántachta, chomhlíontachta agus eitice is airde ar fad a choinneáil. Ní bhaineann aon inghlacthacht leis an BOO i gcás aon sáraithe ar an dlí, ar rialúchán, ar chaighdeáin phroifisiúnta, ar chúrsaí eitice, ar bhreabaireacht nó ar chalaois.

***Gníomhaíocht Timpeallachta:*** In 2020, tá sé mar aidhm ag BOO Chiarraí cur leis na pobail ina bhfeidhmíonn sé ar bhealach suntasach, inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta. Aithníonn sé gur chóir go mbeadh líon riosca níos airde ag baint leis seo agus tá sé sásta glacadh leis an riosca seo, ach a chinntiú go dtuigtear buntáistí agus rioscaí féideartha sula gceadaítear forbairtí agus go gcuirtear bearta ciallmhara i bhfeidhm chun riosca a mhaolú.

# *Measúnú ar Sheirbhísí nach Bunseirbhísí iad – Imlitir 0003/2019*

Leagtar amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, gníomhaíochtaí áirithe nach féidir tabhairt fúthu gan faomhadh a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna (e.g. talamh a fháil, iasachtaíocht). Mar sin, ní mór do BOOanna faomhadh scríofa a fháil roimh ré ón Roinn sula gcuirtear clár nó gníomhaíocht nua ar fáil:

*(a) Nach ceann dá bhunseirbhísí é/í (i.e. soláthar oideachais bhunscoile agus iar-bhunscoile, Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus breisoideachai), nó*

*(b) A measann an BOO an é/í a bheith mar chuid dá bhunseirbhísí, nó bainteach lena bhunseirbhísí, ach nach bhfuil bunaithe cheana leis an Roinn agus maoinithe aige.*

De réir fhorálacha Imlitir 0003/2019, ba chóir do BOO Chiarraí measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí atá ann nach bunseirbhísí iad agus é seo a chur in iúl don Bhord agus don Roinn tríd an bPlean Seirbhíse ar bhonn bliantúil.

Faoi láthair, tá BOO Chiarraí gafa le soláthar na dtrí sheirbhís seo nach bunseirbhísí iad:

## Wellbeing Kerry

In 2019, fuair BOO Chiarraí faomhadh ón Roinn Oideachais agus Scileanna an clár féinmhaoinitheach, Wellbeing Kerry, a sholáthar. Tá sé mar aidhm ag Wellbeing Kerry tacaíocht oideachais shóisialta, phearsanta agus sláinte a sholáthar do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna ach oiliúint a sholáthar do na foirne Tacaíochta Mic Léinn ar fud Chontae Chiarraí.

Tá Foireann Tacaíocht/Cúraim Mic Léinn i ngach scoil i gCiarraí agus tá sí freagrach as cúram agus tacaíocht a chur ar fáil do na mic léinn ar fad, go háirithe iad siúd atá leochaileach agus a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu chun páirt a ghlacadh sa scoil. Tá sé i gceist ag Wellbeing Kerry, i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí agus Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDO), a bheith i gceannas ar chomhchlár tacaíochta chun tacú leis na foirne seo, ní hamháin i scoileanna BOO ach i scoileanna uile Chiarraí, ach cuairteanna rialta scoile agus ceardlanna a dhéanamh in 2020.

## Music Generation

Cuireann Music Generation Kerry deis uathúil, chlaochlaitheach ar fáil do BOO Chiarraí cur le soláthar ceoil i scoileanna, coláistí agus timpeallachtaí óige BOO ar fud an chontae agus é a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag Music Generation Kerry aghaidh a thabhairt ar rochtain gheografach, roghanna seánraí a fheabhsú, tionscnaimh chórúla a leathnú agus a fhorbairt, rochtain ar uirlisí a sholáthar, deiseanna cuir i láthair laistigh de phobail a fheabhsú agus cur le deiseanna fostaíochta, oiliúna agus proifisiúnta do cheoltóirí agus do theagascóirí i gCiarraí.

## Comhpháirtíocht Áitiúil don Óige Chruthaitheach

Is tionscadal náisiúnta píolótach í an Chomhpháirtíocht Áitiúil don Óige Chruthaitheach (CPAOC), atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag Éire Chruthaitheach. Faoi láthair, is é BOO Chiarraí an príomhpháirtí i dtaca le cur i bhfeidhm an chláir i gContae Chiarraí. Is é cuspóir CPAOC Chiarraí gníomhaíochtaí cruthaitheacha a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga a théann agus a oibríonn leis an timpeallacht fhoirmiúil scoile, chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha a chur chun cinn. Le linn 2020, tá sé mar aidhm ag an CPAOC dul ag obair i bpobail áitiúla chun teacht ar bhealaí nua oibre agus chun tacú le hoideachas cruthaitheach agus cultúrtha páistí agus daoine óga.

# Ráiteas ar Sheirbhísí – Comhaontú Seachadta Feidhmíochta

De réir an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta atá ar feitheamh idir an Roinn Oideachais & Scileanna agus BOO Chiarraí, aithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas.

Ar mhaithe le cúrsaí tuarascála agus le leanúnachas ó thaobh cur chuige de, mhapáil BOO Chiarraí gach ceann de na spriocanna, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta iad, leis na spriocanna i Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022.

| COMHAONTÚ SEACHADTA FEIDHMÍOCHTA | | |
|---|---|---|
| **Sprioc** | **Tosaíocht** | **Spriocanna Straitéiseacha de réir Spriocanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022** |
| Barr feabhais a chur ar thaithí an mhic léinn/an fhoghlaimeora | Taithí dhearfach foghlama a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 4 – Rochtain agus Dul Chun Cinn |
| | Curaclam leathan a sholáthar | De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 3 – Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna |
| | Córais Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm | De réir Sprioc 1 – Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta<br>De réir Sprioc 8 – Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid |
| | Tacú le mic léinn/ foghlaimeoirí atá i mbaol mhíbhuntáiste oideachasúil de réir an pholasaí náisiúnta reatha | De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 4 – Rochtain agus Dul Chun Cinn |
| | Seirbhísí treorach/ comhairleoireachta a sholáthar | De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 4 – Rochtain agus Dul Chun Cinn<br>De réir Sprioc 9 – An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú |
| | Áiseanna foghlama/ oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar | De réir Sprioc 1 – Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta<br>De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 4 – Rochtain agus Dul Chun Cinn<br>De réir Sprioc 9 – An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú |
| | An t-oideachas allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt | De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 8 – Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid |
| | Pleanáil le haghaidh athrú ar chúrsaí déimeagrafaice | De réir Sprioc 3 – Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna<br>De réir Sprioc 4 – Rochtain agus Dul Chun Cinn |

| COMHAONTÚ SEACHADTA FEIDHMÍOCHTA | | |
|---|---|---|
| **Sprioc** | **Tosaíocht** | **Spriocanna Straitéiseacha de réir Spriocanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022** |
| Barr feabhais a chur ar thaithí an mhic léinn/an fhoghlaimeora | Oibriú go héifeachtach le fostóirí | De réir Sprioc 5 – Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt<br>De réir Sprioc 6 – Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara |
| | Cláir oiliúna agus phrintíseachta a sholáthar agus a fhorbairt | De réir Sprioc 1 – Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta<br>De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 3 – Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna<br>De réir Sprioc 6 – Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara |
| | A chinntiú go bhfuil na bearta cumhdaithe leanaí cuí uile i bhfeidhm de réir Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | De réir Sprioc 1 – Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta<br>De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán |
| | Tús áite a thabhairt do ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) agus ETIEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic) i scoileanna | De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 3 – Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna |
| | Tacaíocht foghlama TFC ar ardchaighdeán a sholáthar i scoileanna/in ionaid | De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 3 – Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna |
| Tacaíocht Foirne | Earcú agus coinneáil foirne | De réir Sprioc 8 – Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid<br>De réir Sprioc 9 – An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú |
| | Tacú le baill foirne i gcás a bhforbartha proifisiúnta leanúnaí | De réir Sprioc 2 – Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>De réir Sprioc 6 – Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara<br>De réir Sprioc 8 – Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid<br>De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht<br>De réir Sprioc 9 – An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú |
| | Tacú le ceannaireacht ardchaighdeáin agus í a fhorbairt sa BOO | De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht<br>De réir Sprioc 9 – An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú |
| | Feasacht ar chúrsaí sláinte agus slándála a chur chun cinn | De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht<br>De réir Sprioc 9 – An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú |
| | Timpeallacht dhearfach agus thacúil oibre a sholáthar | De réir Sprioc 6 – Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara<br>De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht<br>De réir Sprioc 9 – An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú |
| | Tacú le folláine na mball foirne | De réir Sprioc 6 – Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara<br>De réir Sprioc 8 – Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid<br>De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht<br>De réir Sprioc 9 – An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú |

| COMHAONTÚ SEACHADTA FEIDHMÍOCHTA | | |
|---|---|---|
| **Sprioc** | **Tosaíocht** | **Spriocanna Straitéiseacha de réir Spriocanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022** |
| Rialachas | Struchtúir agus córais eagraíochtúla a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na heagraíochta a bhíonn ag athrú | De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht |
| | Cúrsaí airgeadais agus riosca a bhainistiú go héifeachtach | De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht |
| | Acmhainní a úsáid go héifeachtúil | De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht |
| | Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil | De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht |
| | Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha | De réir Sprioc 8 – Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid |
| | Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú | De réir Sprioc 5 – Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt |
| | Oibriú go héifeachtach le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt | De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht |
| | Dea-chleachtas i dtaobh an tsoláthair a leanúint | De réir Sprioc 5 – Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt |
| | A chinntiú go gcloítear le riachtanais reachtúla agus rialála | De réir Sprioc 6 – Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara |
| | A chinntiú go gcloítear go hiomlán le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | De réir Sprioc 7 – Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht |
| Cláir Chosanta | Cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna de réir mar is gá chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe agus ar sholáthar d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta | De réir Sprioc 3 – Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna |

Anuas ar na spriocanna agus na tosaíochtaí thuas ar aontaíodh orthu go náisiúnta, soláthrófar nó cuirfear tús leis na tosaíochtaí straitéiseacha ar leith seo a leanas do BOO Chiarraí le linn 2020 ar mhaithe le cinntiú go dtéann an Ráiteas Straitéise ina iomlán chun cinn.

Tá an Ráiteas ar Sheirbhísí scartha ina thrí cholún maidir le soláthar seirbhíse:

1. Scoileanna, an Óige agus Ceol
2. Breisoideachas agus Oiliúint
3. Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

# Ráiteas ar Sheirbhísí – An Colún Scoileanna, Óige agus Ceoil

*Réamhrá – Ann O' Dwyer, An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil*

Is onóir dom maoirseacht a dhéanamh ar bhunú an Cholúin Scoileanna, Óige agus Ceoil in BOO Chiarraí.

Tá sé mar thosaíocht ag BOO Chiarraí éisteacht le guth an mhic léinn. Tá breis agus 2,500 mac léinn sna trí Phobalscoil Náisiúnta agus sna hocht nIar-Bhunscoil in BOO Chiarraí. Tuigeann ár múinteoirí, ár mbaill foirne agus ár gceannairí scoile go soiléir gur chóir go mbeadh taithí laethúil scoile gach dalta bunaithe ar ár mbunluachanna, is iad sin: feabhas san fhoghlaim, meas, comhionannas, ionchuimsiú agus cáilíocht. Don bhliain atá romhainn, beidh guth agus aiseolas na mac léinn ar cheann de na príomhthosaíochtaí dár scoileanna.

In BOO Chiarraí, leanaimid orainn ag tabhairt tús áite do chur i bhfeidhm Straitéis Dhigiteach na Roinne Oideachais agus Scileanna agus i mbliana, tá mic léinn ag tabhairt faoi chódú, dearadh grafach, dearadh 3D, beochan agus faoin róbataic. Tá rochtain ag mic léinn ar fud ár scoileanna uile ar néalteicneolaíocht chun feabhas a chur ar a gcuid foghlama. Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfeadh mic léinn uile BOO Chiarraí líofacht dhigiteach amach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste acu i gcibé slí bheatha a roghnaíonn siad amach anseo. Táimid ag iarraidh freisin iad a choinneáil slán ach taispeáint dóibh conas na huirlisí digiteacha a úsáid go sábháilte agus a bhfolláine dhigiteach a chaomhnú ag an am céanna.

I scoileanna de chuid BOO Chiarraí, táimid tiomanta d'fholláine gach baill den phobal scoile a chur chun cinn agus a fhorbairt. Áirítear ann seo mic léinn agus baill foirne na scoileanna araon. Forbraítear an obair go léir a dhéanaimid i gcomhthéacs Chreat na Roinne Oideachais agus Scileanna don tSraith Shóisearach, ag cinntiú gur fíor an cultúr, an t-éiteas agus an tiomantas i leith na folláine atá ag gach ceann dár scoileanna dár mic léinn. Is í an fhís atá againn go gcuirfí ar chumas na mac léinn scileanna a fhorbairt ar mhaithe leis an saol agus leis an bhfostaíocht agus ag an am céanna, nasc láidir a fhorbairt lena scoil agus lena bpobal.

## Mar seo a leanas a aithníodh tosaíochtaí do 2020 ar fud an Cholúin:

**Sprioc 1: Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**

*Fócas: Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a sholáthar atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 2. Leanúint lena chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis atá cuí maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile chun feidhme i ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna faoinár gcoimirce. | • Clár Féinmheastóireachta Scoile (FS) agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile (PFS) a fhorbairt chun tacú le scoileanna. | Q3 |
| | • Tabharfaidh scoil amháin tuairisc ar FS/PFS ag gach Cruinniú Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí faoi seach. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 3. Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt agus cur chun feidhme éifeachtach an Chreata um na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta d'Obair don Óige. | • Oiliúint a chur ar fáil don Oifigeach Forbartha Óige maidir leis an gCreat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta (CCCN) | Q2 |
| | • Tiomantas leanúnach do Chaighdeáin CCCN agus gach iarratas ar Thionscadal Óige á phróiseáil.<br>• A chinntiú go mbeadh próisis athbhreithnithe gach Tionscadail Óige faoi thacaíocht CCCN. | 2020 |
| 4. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal. | • Cuirfidh gach iar-bhunscoil anailís ar thorthaí scrúduithe i láthair ag an gCruinniú BB i mí Mheán Fómhair agus súil le comhsheasmhacht torthaí scrúduithe a chinntiú. | Q3 |
| | • Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar athchóiriú na Sraithe Sóisearaí.<br>• Oibriú go leanúnach le Bord na Sraithe Sinsearaí. | 2020 |
| 5. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna/ár gcoláistí/ár n-ionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na gcigireachtaí/na gcuairteanna sin i bhfeidhm go héifeachtach. | • Treoirlínte BOO Chiarraí a uasdátú maidir leis an Ullmhúchán do Mheastóireacht ar an Scoil Uile (MSU) agus do Bhainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (BCF) agus iad seo a scaipeadh ar scoileanna. | Q2 |
| | • Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm Ábhair na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Mholtaí Cigireachta MSU BCF ach cuairt a thabhairt ar scoileanna agus taifead a dhéanamh ar dhul chun cinn ag Cruinnithe BB.<br>• Plean Monatóireachta Inmheánaí um Chosaint Leanaí a fhorbairt don bhliain. Déanfaidh an plean seo cuairteanna ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a mhapáil, ionas gur féidir a sheiceáil go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin Cosanta Leanaí.<br>• An Plean Monatóireachta Inmheánaí um Chosaint Leanaí le faomhadh ag Coiste Maoirseachta BOO Chiarraí um Chosaint agus Cumhdach Leanaí.<br>• Cuairt bhliantúil a thabhairt ar gach scoil chun monatóireacht inmheánach a dhéanamh ar Chosaint Leanaí agus tuairisc scoile a chur isteach chuig an bPríomhoide agus chuig an Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil. | 2020 |

**Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

*Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar ár n-acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh agus foghlama eagraíochta a chur chun cinn chun go mbeidh muinín ag gach páirtí leasmhar as cáilíocht agus ábharthacht ár gcuid clár agus cúrsaí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Straitéisí dearbhaithe cáilíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt do gach duine a bhfuil ról acu i gcláir a sholáthar, agus tacú leis na straitéisí sin. | • Ionduchtú a sholáthar do Bhuíon Teagascóirí don Óige Chruthaitheach.<br>• Ionduchtú a sholáthar do Bhuíon Ceoltóirí/Teagascóirí Ceoil. | Q1 |
| | • Plean FGL a fhorbairt bunaithe ar aiseolas ó mhúinteoirí/ó cheannairí scoile maidir leis an bPlean um Fhorbairt Scoileanna Saibhriú Foghlama (FSSF) 2018/19 agus polasaí náisiúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna. Feidhmeoidh an plean seo i gcomhar leis an bplean iomlán FGL don eagraíocht.<br>• Cúrsa inseirbhíse do Chúntóirí Riachtanas Speisialta a reáchtáil chun feabhas a chur ar bhunscileanna agus chun riachtanais dhlíthiúla a chomhlíonadh. | Q2 |
| | • Leanfar ar aghaidh ag cur na formáide Ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nua i bhfeidhm de réir a chéile do mhúinteoirí nua a cheaptar sa scéim. | Q3 |
| | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus i bPolasaí FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Glacfaidh Ceoltóirí/Teagascóirí Ceoil páirt in FGL a bhaineann leis an uirlis nó leis an réimse saineolais ar leith atá acu. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 2. Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do chleachtais teagaisc agus foghlama atá cuimsitheach/difreáilte inár gcuid scoileanna/ coláistí/ ionad/clár uile. | • Grúpa Téatar Óige a bhunú i Lios Tuathail tríd an CPAOC. | Q1 |
| | • Struchtúr tacaíochta a fhorbairt do Phríomhoidí Bunscoile BOO Chiarraí atá cosúil leis an struchtúr iar-bhunscoile, agus an fháil a bheith orthu agus na riachtanais atá acu a thabhairt san áireamh.<br>• Mapáil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) le déanamh sna hiar-bhunscoileanna ar fad. | Q2 |
| | • Mapáil RSO le cur i láthair gach ionadaí BB faoi seach le linn Q3.<br>• Lá Foghlama a sholáthar don fhoireann mhúinteoireachta ó na scoileanna uile, agus béim ar leith a chur ar Phlean Feidhmithe na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir le Guth na Mac Léinn. | Q3 |
| | • Polasaí agus Plean Teagaisc agus Foghlama a fhorbairt i gcomhar le bainistíocht agus foireann scoile.<br>• Grúpa Téatar Óige a bhunú i gCathair Saidhbhín tríd an CPAOC. | Q4 |
| | • Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo fhorbairt Phlean agus Pholasaí comhtháite Teagaisc agus Foghlama do Scoileanna agus don BOaO. Dhéanfaí seo ar mhaithe le dúbláil a sheachaint agus ar mhaithe le dea-chleachtas a roinnt idir colúin.<br>• Reáchtálfar ranganna Music Generation i scoileanna agus in ionaid óige i gceantair nach bhfuil oideachas ceoil ar fáil faoi láthair. Is é príomh-mhisean thionscadal Music Generation úsáid a bhaint as straitéisí difreála chun freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga.<br>• Oiliúint ar an Dearadh Uilíoch a sholáthar do CRSanna.<br>• Líonra Achair Fhairsing (LAF) a fhorbairt chun tacú le rochtain Wi-Fi i scoileanna. | 2020 |
| 3. Tacú le forbairt iomlánaíoch mac léinn agus foghlaimeoirí trí chorpoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar gach leibhéal, i.e. i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus sa bhreisoideachas agus oiliúint. | • Plean Straitéiseach Corpoideachais BOO Chiarraí le cur i gcrích agus le seoladh.<br>• Cúrsa Garchabhrach Spóirt a sholáthar do mhúinteoirí corpoideachais.<br>• Leanúint ar aghaidh le Turas Taiscéalaíochta Dúlra na Cásca. | Q2 |
| | • Straitéis 20x20 a chur i bhfeidhm chun cur le líon na mban a ghlacann páirt sa spórt.<br>• Suirbhé Girls Active a chur i bhfeidhm sna hiar-bhunscoileanna ar fad agus na torthaí a chur i gcomparáid leo sin ón Ríocht Aontaithe agus ó Thuaisceart Éireann. | Q4 |
| | • Leanúint ar aghaidh le Cruinnithe Corpoideachais Phobail Chleachtais (PC) agus an clár oiliúna múinteoir-threoraithe.<br>• Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm chlár nua Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag neadú an Chreata nua Corpoideachais don Ardteistiméireacht i gColáiste Pobail Chill Orglan, Coláiste Pobail Chill Airne agus Coláiste na Sceilge, agus an méid atá foghlama a roinnt agus a scagadh ag cruinnithe Príomhoidí.<br>• Tús a chur le cur i bhfeidhm an Chreata nua Corpoideachais don tSraith Shinsearach sna cúig scoil atá fágtha (Coláiste Pobail Oileán Chiarraí, Pobalscoil an Tóchair, Coláiste na Ríochta, Coláiste Gleann Lí agus Gaelcholáiste Chiarraí).<br>• Tús a chur le pleanáil le hábhar nua Ardteiste a thabhairt isteach a mbeifear in ann a scrúdú – Corpoideachas.<br>• Comhoibriú le Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chiarraí chun straitéis a chur i bhfeidhm maidir le hionchuimsiú mac léinn idirnáisiúnta i ngrúpaí spóirt de réir Thuarascáil Jumping the Gap Chomhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí (CAaSC). | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 4. Cultúr nuálaíochta agus cleachtais athmhachnamhaigh a chothú, lena n-áirítear líonraí foghlama agus pobail chleachtais a fhorbairt agus an dea-chleachtas a chomhroinnt. | • Pobal cleachtais a fhorbairt do Cheoltóirí/do Theagascóirí Ceoil i gCiarraí. | Q4 |
| | • Iniúchadh a dhéanamh ar bhunú Foirne Microsoft do ranna ábhar chun comhroinnt dea-chleachtais a chur chun cinn i measc scoileanna.<br>• Leanfaidh scoileanna ar aghaidh ag baint úsáide as cur chuige aisiríoch agus as laethanta machnaimh chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht iompraíochta agus chun iarracht a dhéanamh líon na ndaoine a chuirtear ar fionraí a laghdú.<br>• Cuirfear sé sheisiún de Chleachtas Machnamhach ar fáil do Phríomhoidí iar-bhunscoile le linn na bliana acadúla. | 2020 |
| 5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú. | • Bliain 1 de Scéim Ceannaithe Gléasanna na Múinteoirí TFC a chur i bhfeidhm de réir a chéile. | Q2 |
| | • Ceardlann teicneolaíochta faoin Réaltacht Mhéadaithe/Réaltacht Fhíorúil a sholáthar do mhúinteoirí sna hiar-bhunscoileanna a léirigh spéis ina leithéid.<br>• Ceardlann MicroBit a sholáthar do Mhúinteoirí TFC agus Innealtóireachta i ngach scoil.<br>• Straitéis a fhorbairt do Theicneolaíocht an Cheoil i gcúrsaí taibhithe agus léirithe in éineacht le Ceoltóirí/Teagascóirí Ceoil a bhfuil na scileanna cuí acu. | Q4 |
| | • Tacú le cur i bhfeidhm Straitéis TFC BOO Chiarraí 2019-2022.<br>• Leanúint ar aghaidh ag cur le saineolas TFC agus le Ranna Ábhar TFC scoileanna ach FGL ar leith a chur ar fáil do Mhúinteoirí TFC.<br>• Measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Minecraft i gColáiste Pobail Chill Airne agus súil le machnamh a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm i scoileanna eile. | 2020 |
| 6. Deiseanna a thabhairt do mhic léinn/d'fhoghlaimeoirí a bhfoghlaim a phleanáil agus a athbhreithniú go gníomhach. | • Seisiúin pleanála cruthaitheachta a sholáthar do cheannairí grúpaí/ clubanna óige chun tacú le comhairliúcháin maidir le guth na hóige mar chuid de Chlár CPAOC. | Q3 |
| | • Leanúint le Measúnú Múnlaitheach a chur i bhfeidhm i ngach rang i ngach scoil ar bhonn laethúil. | 2020 |
| 7. Cultúr a chruthú ina gceiliúrtar barr feabhais agus éachtaí foghlaimeoirí agus ball foirne. | • Dámhachtainí Mac Léinn BOO Chiarraí a eagrú chun éachtaí acadúla agus neamhacadúla araon a cheiliúradh ar fud bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna BOO Chiarraí. | Q1 |
| | • A bheith tiomanta do pháirt a ghlacadh i léirithe pobail agus léirithe rialta BOO a dhéanamh, i.e. Cruinniú na nÓg, Oíche Chultúir. Eagrófar na léirithe seo a bhuí le comhobair idir an tOifigeach Forbartha Ceoil agus Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chiarraí. | Q3 |
| | • Ardáin meán sóisialta a úsáid mar bhealach le ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí mac léinn agus ball foirne. | 2020 |
| 8. Cineálacha difriúla cur chuige a chur i bhfeidhm i leith forbairt curaclaim agus clár, ar cineálacha cur chuige iad lena gcuirfear béim ar an ábhar a oiriúnú do riachtanais foghlaimeoirí, fostaithe agus phobal agus do phríomhthosaíochtaí scileanna réigiúnacha. | • Pleanáil curaclaim leis na scoileanna ar fad beartaithe.<br>• Modúl Cruthaitheachta Comhtháite a fhorbairt agus a phíolótú i gClár Folláine na Sraithe Sóisearaí. | Q1 |
| | • Dul i gcomhairle le baill foirne agus rannpháirtithe Ógtheagmhála maidir le cláir Chruthaitheachta.<br>• Conairí níos éifeachtaí a fhorbairt idir ár n-iar-bhunscoileanna BOO agus Coláiste Chiarraí.<br>• Tá Fóram Mhic Léinn BOO Chiarraí 2020 le tús áite a thabhairt do Ghuth na Mac Léinn. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 9. A chinntiú go bhfuil gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí in ann foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus nua-aimseartha. | • Déanfaidh Comhordaitheoir na hÓige Cruthaithí Cigireachtaí Sláinte agus Sábháilteachta ar gach ionad a úsáidtear chun gníomhaíochtaí CPAOC Chiarraí a sholáthar.<br>• Déanfaidh an tOifigeach Forbartha Ceoil Cigireachtaí Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh ar gach ionad a mbaintear leas as mar chuid den tionscadal.<br>• Tiocfaidh Coiste Maoirseachta BOO Chiarraí um Chosaint agus Cumhdach Leanaí faoi thrí agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tacú le cur i bhfeidhm Thús Áite do Leanaí 2015 agus ag déanamh monatóireachta air.<br>• Cuairt bhliantúil inmheánach Cosanta Leanaí le tabhairt ar gach scoil agus tuarascáil le cur isteach chuig an bPríomhoide agus an Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil.<br>• Cuirfear Tuarascáil Fionraíochta i láthair ag gach cruinniú BB agus athbhreithniú bliantúil ag cruinniú BB mhí na Bealtaine.<br>• Tacú le scoileanna dearadh "comhstádais" a sholáthar d'fhonn tacú le hobair ghrúpa/le foghlaim fhianaisebhunaithe. | 2020 |
| 10. Cloí le treoirlínte folláine náisiúnta agus iad a chur chun cinn, agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht leordhóthanach do dhaltaí, do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí. | • Tacaíocht ionduchtaithe agus oiliúna a sholáthar don Chomhordaitheoir Folláine nua. | Q1 |
| | • Guth na Mac Léinn de chuid CNCM a chur i bhfeidhm tríd an gClár Folláine.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Folláine don tSraith Shóisearach de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna atá á sholáthar i ngach scoil agus na torthaí a thuairisciú. | Q2 |
| | • Seoladh foirmiúil na seirbhíse nach príomhsheirbhís í, Wellbeing Kerry, a phleanáil do mhí Mheán Fómhair 2020. | Q3 |
| | • Tacú le cur i bhfeidhm seirbhísí comhairleoireachta gairmiúla i ngach scoil agus ionad de chuid BOO Chiarraí.<br>• Clár caighdeánach oiliúna 3 lá a sholáthar d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn i scoileanna uile Chiarraí mar chuid de Wellbeing Kerry.<br>• Plean a ullmhú chun moltaí ó Thaighde Dochtúireachta a foilsíodh le déanaí maidir leis an tSláinte Mheabhrach agus an Fholláine a chur i bhfeidhm. | 2020 |

**Sprioc 3: Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna**

*Fócas: Réitigh agus freagairtí atá nuálach agus cruthaitheach a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais foghlama agus forbartha a bhíonn ag daoine óga agus aosaigh i sochaí a bhíonn ag athrú.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Freagairt go leanúnach d'athruithe ar an déimeagrafaic i gCiarraí agus ár soláthar seirbhíse a phleanáil dá réir sin, nuair is féidir | • Anailís dhéimeagrafach a dhéanamh ar dhobharcheantar Chill Airne chun déimeagrafaic atá ag athrú a aithint agus chun riachtanais d'áiteanna bunscoile agus iar-bhunscoile araon don chéad deich mbliana eile a aithint leis.<br>• An mhodheolaíocht a úsáideadh san anailís dhéimeagrafach a dhoiciméadú agus súil lena húsáid i gceantar eile sa chontae. | Q2 |
| | • Roinnfear tuarascáil agus torthaí Anailís Dhéimeagrafach Chill Airne le Stiúrthóir an BOO chun cabhrú le pleanáil níos fearr a dhéanamh maidir le soláthar an BOO. | Q3 |
| | • Tá an tOifigeach Forbartha Ceoil le hanailís a dhéanamh ar sholáthar ceoil i scoileanna, ag díriú go príomha ar sheachadadh oideachais cheoil sna ceantair is mó atá i ngátar. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 3. Cur leis an inniúlacht atá againn freagairt do na dúshláin atá ann i sochaí ilchultúrtha. | • Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chiarraí (CASC) chun straitéis a chur i bhfeidhm chun mic léinn a ionchuimsiú i ngrúpaí spóirt de réir Thuarascáil Jumping the Gap CAaSC. | Q4 |
| | • Tacú le himeachtaí ilchultúrtha i scoileanna agus in ionaid.<br>• Leanúint ar aghaidh ag clárú náisiúnach nach Éireannaigh iad agus na tacaíochtaí agus deiseanna foghlama cuí a sholáthar.<br>• Déanann teagasc Music Generation ceiliúradh ar an ionchuimsiú agus freastalaíonn sé go héifeachtach ar riachtanais leanaí agus daoine óga sa tsochaí. | 2020 |
| 4. Leanúint le freagairtí a athnuachan agus le cinn nua a fhorbairt chun rannpháirtíocht a mhéadú i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna. | • Freastalaíonn an Chomhpháirtíocht Áitiúil don Óige Chruthaitheach go gníomhach ar riachtanais agus ar éileamh leanaí agus daoine óga. | 2020 |
| 5. Úsáid deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear foghlaim ar líne, foghlaim chumaisc, foghlaim de réir seimeastair agus cláir oíche. | • Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh cur chuige cumaiscthe ann maidir le soláthar na Fisice. | Q2 |
| | • Seachadadh na Matamaitice Feidhmí a fhorbairt agus a leathnú i scoileanna uile an BOO. | Q3 |
| | • Tacú le cur i bhfeidhm Straitéis TFC BOO Chiarraí 2019-2022.<br>• Ranganna Music Generation a sholáthar laistigh agus lasmuigh de thráthchlár na scoile chun cur le líon na mac léinn a ghlacann páirt iontu. | 2020 |
| 7. Straitéisí a spreagadh a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic leis na dúshláin is gá do mhic léinn a shárú agus iad ag aistriú ónár gcóras bunscoile chuig ár gcuid iar-bhunscoileanna agus coláistí, agus acmhainní a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt na straitéisí sin. | • Athbhreithniú ar Bhunghrúpaí Comhoibritheacha a phleanáil le linn Q2. | Q2 |
| | • Leanúint ar aghaidh leis na laethanta tógála foirne agus piarmheantóireachta sna scoileanna uile d'fhonn tacú le mic léinn.<br>• Clár Ionduchtaithe a sholáthar do lucht na chéad bliana sna scoileanna ar fad d'fhonn tacú leo agus iad ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil.<br>• Forbairt 'turas fíorúil scoile' a phíolótú i gColáiste Pobail Chill Orglan chun tacú le mic léinn nua agus iad ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil. | 2020 |
| 8. Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt freagairtí riachtanaisbhunaithe maidir le hobair don óige i gCiarraí | • Maoiniú na Scéime Maoinithe Spriocdhírithe don Óige (SMSDO) a riar in Q1 agus Q2.<br>• Riarachán na scéimeanna seo a leanas:<br>    • Scéim Deontais na Seirbhíse Óige LGBTI+<br>    • Maoiniú Caipitil<br>    • Maoiniú Scéim Deontais an Chlub Óige Áitiúil<br>    • Scéim Deontais Trealaimh an Chlub Óige Áitiúil<br>• • Páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas aistrithe ó SMSDO go UBU Do Áit Do Spás. | Q2 |
| | • Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar iarratais seirbhíse óige ar UBU Do Áit Do Spás.<br>• Níos mó cruthaitheachta a spreagadh i measc daoine óga tríd an CPAOC. | 2020 |

**Sprioc 4: Rochtain agus Dul Chun Cinn**

*Fócas: Tacú le mic léinn agus le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais agus oiliúna agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus tacú leo dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais, fostaíochta agus/nó forbairt phearsanta de.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 2. Tacaíocht oideachais agus ghairmthreorach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun rochtain agus deiseanna dul chun cinn a uasmhéadú. | • Tá an tOifigeach Forbartha Óige le hathbhreithniú a dhéanamh ar Chlár an Tionscnaimh Infhostaitheachta Óige (TIO)<br>• Rannpháirtíocht leanúnach le Conairí Dul Chun Cinn (Coiste Idirghníomhaireachta) a eagraíonn Seisiúin Eolais do lucht fágála scoile faoi mhíchumas. | Q1 |
| | • Conairí níos éifeachtaí a fhorbairt idir ár n-iar-bhunscoileanna BOO agus Coláiste Chiarraí. | 2020 |
| 6. Sraith tacaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear tacaí míchumais, socrúcháin agus atreoruithe chuig gníomhaireachtaí eile, chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht, ar choinneáil agus ar dhul chun cinn. | • Tacú le bunú Fhoghrúpaí Chomhairle na dTuismitheoirí do Ranganna Speisialta. | Q1 |
| | • Cúrsa inseirbhíse do CRSanna beartaithe chun feabhas a chur ar phríomhscileanna agus chun riachtanais dhlíthiúla a chomhlíonadh. | Q2 |
| | • Leanfaidh múinteoir Tacaíochta RSO ar aghaidh ag plé le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le Ranganna Speisialta agus Comhtháthú na Seirbhísí KIDS i scoileanna. | 2020 |

**Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt**

*Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana le comhlachtaí ábhartha ar leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an leas is mó a bhaint as ár gcumas chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus oibre don óige i gCiarraí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 2. Leanúint le hobair i ndlúth-chomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCE) agus le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOO Éireann). | • Tacú le cur i bhfeidhm Comhaontaithe Maoirseachta agus Comhaontaithe Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.<br>• Dul i dteagmháil le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOO Éireann) go rialta.<br>• Nóta Teimpléid Cruinnithe BOO Éireann a chomhlánú agus a chur ar ais i ndiaidh cruinnithe tríú páirtí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte i:<br>  ◦ CSLDO<br>  ◦ CSLDO - Grúpa Drugaí agus Alcóil<br>  ◦ CSLDO – Grúpaí nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas ná oiliúint (NFOO)<br>  ◦ Conairí Dul Chun Cinn Eastát Sábháilte Leanaí agus Daoine Óga (ESLDO)<br>  ◦ Grúpa Stiúrtha (Cathaoirleach) d'Oiliúint Foirne Tacaíochta Mac Léinn (FTML)<br>  ◦ Oiliúint Shaincheaptha Comhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas (CPFCT) do Thaistealaithe<br>  ◦ Cumann Oifigeach Óige Éireann (COOE)<br>  ◦ Idirghníomhaireacht Taistealaithe Chiarraí<br>  ◦ Grúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 3. Leanúint le hobair i ndlúth-chomhpháirt le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraímid. | • Dul i gcomhairle go rialta le Ceardchumainn maidir le polasaithe agus nósanna imithe ábhartha.<br>• Freastal ar 3-4 cruinniú gach bliain le hAontas Múinteoirí Éireann (AMÉ) agus Forsa chun aon cheisteanna a thagann chun cinn i scoileanna a phlé. | 2020 |
| 4. Leanúint leis na próisis chomhpháirtíochta, na prótacail chomhpháirtíochta agus na nósanna imeachta comhpháirtíochta atá ar bun againn a athbhreithniú agus a leasú nuair is cuí. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar Théarmaí Tagartha Ghrúpa Stiúrtha CPAOC agus iad a nuashonrú de réir mar is gá. | Q4 |
| | • A chinntiú go gcuirtear Comhaontuithe Deontais, Meabhráin Tuisceana (MT) agus/nó Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (CALS) i bhfeidhm le tríú páirtithe nuair is gá.<br>• A chinntiú go gcuirtear socruithe i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais monatóireachta agus tuairiscithe de réir Imlitir 0013/2014.<br>• Struchtúr Tacaíochta Music Generation a fhorbairt le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Chiarraí. Tá cruinnithe míosúla agus struchtúr tuairiscithe le cur i bhfeidhm. | 2020 |
| 5. Caidreamh nua a fhorbairt le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile, le heagraíochtaí deonacha don óige agus le heagraíochtaí pobail, agus an caidreamh láidir atá againn leosan cheana féin a chothú, chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraímid don óige. | • A chinntiú go gcuirtear Comhaontuithe Deontais, MTanna agus/nó CALSanna i bhfeidhm le tríú páirtithe nuair is gá.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar MTanna agus/nó CALSanna atá i bhfeidhm le heagraíochtaí tríú páirtí.<br>• A chinntiú go gcuirtear socruithe i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais monatóireachta agus tuairiscithe de réir Imlitir 0013/2014.<br>• | 2020 |
| 6. Cláir de chuid an Aontais Eorpaigh a úsáid chun caidreamh le gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a fhorbairt. | • Ceardlann Faisnéise Líonraithe Eorpaigh de chuid Léargas a chomhordú do Phríomhoidí iar-bhunscoile. | Q1 |
| | • Glacfaidh Coláiste na Sceilge agus Coláiste Chiarraí páirt i dTionscnamh Erasmus¬ + a dhíreoidh ar Theagasc Nuálach Teanga Labhartha i dTír Dhátheangach (Gaeilge). | 2020 |
| 7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht a mhéadú i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. | • Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chiarraí chun straitéis a chur i bhfeidhm chun mic léinn idirnáisiúnta a ionchuimsiú i ngrúpaí spóirt de réir Thuarascáil Jumping the Gap CAaSC. | 2020 |
| 8. Obair i gcomhpháirt le comhlachtaí ábhartha Ealaíon chun na healaíona san oideachas a chur chun cinn. | • Struchtúr Tacaíochta Music Generation a fhorbairt le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Chiarraí chun tacú le cur i bhfeidhm Music Generation de réir a chéile.<br>• Oibreoidh CPAOC chun naisc a bhunú amach anseo le Múinteoirí Ealaíon i scoileanna ach comhoibriú leo agus tacaíocht bhreise a thairiscint dóibh. | 2020 |

**Sprioc 6: Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár seirbhísí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Comhairlí mac léinn a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad uile. | • Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an ról atá ag mic léinn/foghlaimeoirí inár scoileanna.<br>• Tá Fóram Mac Léinn BOO Chiarraí 2020 le tús áite a thabhairt do Ghuth na Mac Léinn, don Chruthaitheacht agus don Athrú Aeráide. | 2020 |
| 2. Comhairlí tuismitheoirí a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad uile. | • Oiliúint ar Microsoft 365 a sholáthar do thuismitheoirí i dtrí scoil: Coláiste Gleann Lí, Gaelcholáiste Chiarraí agus Coláiste Pobail Oileán Chiarraí. | Q1 |
| | • Múnla Píolótach Comhpháirtíochta Scoile/Pobail (le tacaíocht agus oiliúint ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (CNT)) i bPobalscoil Náisiúnta Thathuile.<br>• Measúnú a dhéanamh ar an gComhpháirtíocht Scoile/Pobail agus foghlaim a dhoiciméadú chun bonn eolais a chur faoina cur i bhfeidhm i bPobalscoileanna Náisiúnta eile de chuid BOO Chiarraí amach anseo. | 2020 |
| 3. Leanúint ar aghaidh ag forbairt meicníochtaí oiriúnaithe agus cuimsitheacha comhairliúcháin lenár bpáirtithe leasmhara uile. | • Athbhreithniú eatramhach le déanamh ar Ghrúpa Stiúrtha CPAOC. | Q1 |
| | • Tuarascáil Athbhreithnithe na bPáirtithe Leasmhara do Ghrúpa Stiúrtha CPAOC a fhoilsiú. | Q2 |
| | • Creat ar leith a fhorbairt do Chláir Music Generation, de réir na gcreataí náisiúnta, a shaincheaptar d'fhonn éifeachtacht páirtithe leasmhara áitiúla a chur san áireamh agus a chinntiú. | 2020 |
| 5. Leanúint le húsáid a bhaint as an aiseolas ó pháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus chun an soláthar reatha a fheabhsú. | • Beidh comhairliúcháin Ghuth na hÓige ina gcuid ghníomhach de ghníomhaíochtaí Chlár CPAOC d'fhonn an soláthar a fheabhsú. | 2020 |
| 8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa bhealach a mbainistímid daoine. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus Polasaí FGL BOO Chiarraí.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir deiseanna FGL.<br>• A bheith gníomhach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne an BOO.<br>• Leanúint ar aghaidh ag imirt ról gníomhach tacaíochta ó thaobh fholláine na mball foirne de. | 2020 |
| 9. Ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a thomhas chun pleanáil chomhcheangailte clár agus seirbhísí agus soláthar comhcheangailte clár agus seirbhísí a spreagadh chun freastal ar riachtanais i gCiarraí. | • Conairí níos éifeachtaí a fhorbairt idir ár n-iarbhunscoileanna BOO agus Coláiste Chiarraí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt Thionscnamh agus Choiste Stiúrtha FSSF.<br>• Naisc a bhunaítear le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Chiarraí a choinneáil. | 2020 |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht**

*Fócas: A chinntiú go bhfaigheann ár spriocanna straitéiseacha tacaíocht éifeachtach ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin chun a chinntiú go gcomhlíonfar na caighdeáin is airde ó thaobh cuntasachta, comhlíonta agus trédhearcachta de.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 4. Ár bhféidearthachtaí agus ár gcumas ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Oiliúint OneNote a sholáthar do bhainisteoirí le cur ar a gcumas acu an OneNote Sláinte & Sábháilteachta atá acu a shonrú, nuair is gá. | Q2 |
| | • A bheith gníomhach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne an BOO do 2020.<br>• Oiliúint Meánbhainistíochta: Cuirfear 5 sheisiún ar fáil in 2020/21 lena n-áirítear an Fhoghlaim Dhigiteach, Féinmheastóireacht Scoile agus Pleanáil. Déanfar athbhreithniú ar an oiliúint agus cuirfear an méid a fhoghlaimeofar san áireamh agus oiliúint dá leithéid á reáchtáil do AP2anna.<br>• Bunluachanna a bheith san áireamh i gcás gach earcaíochta, cúrsa seirbhíse agus ionduchtaithe.<br>• Tacú le cur i bhfeidhm oiliúint Choiste Alt 44.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint don bhainistíocht de réir deiseanna FGL.<br>• Oibriú go gníomhach leis an gcreat iomlán Bainistíochta Riosca don eagraíocht. | 2020 |
| 5. Ár n-acmhainn pleanála acmhainní agus ár n-acmhainn bainistíochta oibríochtúla a fheabhsú ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfimid leas as oiliúint agus as FGL agus cuirfimid struchtúir eagraíochta níos cuí i bhfeidhm. | • Plean Gníomhaíochta don Óige don bhliain 2020 a fhorbairt de réir leithdháiltí buiséid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. | Q2 |
| | • Athbhreithniú agus tuairisc a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta don Óige de réir leithdháiltí buiséid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige uair sa ráithe.<br>• Meicníochtaí Rialaithe Inmheánaigh a athfhorbairt laistigh den Rannóg um Obair don Óige. | 2020 |
| 8. Cultúr foghlama leanúnaí agus cleachtais athmhachnamhaigh a chur chun cinn. | • Pobal cleachtais a fhorbairt do Cheoltóirí/Teagascóirí Ceoil i gCiarraí. | Q4 |
| | • Leanfaidh scoileanna ar aghaidh ag úsáid cur chuige aisiríoch agus laethanta machnaimh chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht iompraíochta agus chun iarracht a dhéanamh líon na mac léinn atá ar fionraí a laghdú.<br>• Cuirfear sé sheisiún de Chleachtas Machnamhach ar fáil do Phríomhoidí iar-bhunscoile i gcaitheamh na bliana acadúla. | 2020 |

**Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**

*Fócas: Ár seirbhísí a mhargú, ár mbranda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir ar bhealach éifeachtach.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 3. Straitéis margaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú. | • Oscailt oifigiúil Pobalscoil Náisiúnta Thathuile agus Scoil an Ghleanna.<br>• Seoladh oifigiúil Music Generation. | Q2 |
| | • Féilire imeachtaí a fhorbairt leis an Oifigeach Margaíochta agus Cumarsáide i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear na himeachtaí go léir a bhíonn ar siúl i scoileanna aonair, i bhféilire FSSF etc.<br>• Cuirfear tús le cáipéis tairisceana a ullmhú chun tacú le forbairt suíomhanna agus aipeanna nua do na hiar-bhunscoileanna ar fad.<br>• Seoladh oifigiúil CPAOC Chiarraí.<br>• Próifíl BOO Chiarraí a ardú mar mhaoinitheoir de chuid na scéime UBU Do Áit Do Spás. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 4. Scéim Teanga Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a chur chun i bhfeidhm. | • Plean Teanga a fhorbairt do Thrá Lí agus é ina bhaile seirbhíse Gaeltachta. | Q3 |
| | • Cúrsaí oiliúna Gaeilge a chur ar fáil do na baill foirne a mbeadh suim acu ina leithéid.<br>• Leanúint le Scéim Teanga 2017-2020 a chur i bhfeidhm.<br>• Leanúint ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar son BOO Chiarraí ar na coistí seo a leanas:<br>  • Coiste Comhairleach Thobar Dhuibhne (an próiseas pleanála teanga i gCorca Dhuibhne)<br>  • Coiste Stiúrtha Bhreacadh. | 2020 |
| 5. Straitéis a fhorbairt le haghaidh úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn. | • Nós imeachta meán sóisialta a fhorbairt chun tacú le húsáid na meán sóisialta ar fud na scéime agus a n-úsáid a chur chun cinn. | Q2 |
| | • Úsáid chuntais meán sóisialta na scoileanna a chur chun cinn (Instagram, Twitter, Facebook etc.). | 2020 |
| 6. Aip fhairsing BOO Chiarraí a fhorbairt lena húsáid ag páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. | • Cuirfear tús le cáipéis tairisceana a ullmhú chun tacú le forbairt suíomhanna agus aipeanna nua do na hiar-bhunscoileanna ar fad. | 2020 |

**Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**

*Fócas: Na deiseanna oiliúna agus forbartha agus na háiseanna atá ar fáil do bhaill foirne a fhorbairt agus a bhreisiú ar bhonn leanúnach agus feabhas a chur ar an timpeallacht ina n-oibríonn baill foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 5. Leanúint le cláir agus raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun meabhairshláinte dhearfach a chothú i measc mac léinn, foghlaimeoirí agus ball foirne. | • Tacú le cur i bhfeidhm seirbhísí comhairleoireachta gairmiúla i ngach scoil agus ionad de chuid BOO Chiarraí.<br>• Tá Wellbeing Kerry le leanúint ar aghaidh ag cur le meabhairshláinte na bhfoirne tacaíochta mac léinn ar fud an chontae.<br>• Cur chun cinn leanúnach ar Thacaí Leasa Foirne BOO Chiarraí.<br>• Páirt leanúnach a ghlacadh i gCoiste Folláine an Ionaid Oibre. | 2020 |
| 7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le Cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus Polasaí FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir deiseanna FGL. | 2020 |
| 8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu. | • Oibriú lenár Rannóg Tacaíochta Corparáidí agus Forbartha Caipitil d'fhonn a chinntiú go bhfuil foirgnimh ag freastal ar riachtanais ar fud na scéime.<br>• A chinntiú go ndéantar riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh i gcónaí. | 2020 |

# Ráiteas ar Sheirbhísí – An Colún Breisoideachais agus Oiliúna

*Réamhrá – Owen O'Donnell, Stiúrthóir BOaO*

Príomhcholún gníomhaíochta de chuid BOO Chiarraí is ea an Breisoideachas agus Oiliúint. In 2020, tá sé againn tógáil ar an dul chun cinn a rinneamar le blianta beaga anuas agus muid ag aistriú go timpeallacht úr an Bhreisoideachais agus Oiliúna. Rinneadh go leor dul chun cinn maidir le gnéithe dár soláthar BOaO a chomhtháthú ar fud an chontae le blianta beaga anuas agus na Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta atá againn le SOLAS ar thús cadhnaíochta ar ár múnla pleanála agus seachadta. Bhí 2019 thar a bheith tábhachtach do BOO Chiarraí go háirithe ós rud é gur bhunaíomar coláiste comhtháite Breisoideachais agus Oiliúna – Coláiste Chiarraí. Comhtháthaíonn Coláiste Chiarraí Coláiste Breisoideachais Chiarraí (CBOC) a bhí ann cheana, Coláiste Chiarraí Thuaidh (CCT) agus Ionad Oiliúna Mhóin an Bhaile. Faoin aon eintiteas amháin seo a chuirtear soláthar lánaimseartha breisoideachais agus oiliúna ag leibhéil Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCE) 5&6 ar fáil agus cúig champas ann idir Lios Tuathail agus Trá Lí. Féadfaidh foghlaimeoirí ionchais a gcúrsa BOaO a dhéanamh cibé áit is maith leo anois.

In 2019, thug BOO Chiarraí ainm úr ar Cheapaigh na Lao – an tIonad Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna (INBOaO) – agus shínigh sé MT le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Príomhréimse forbartha don bhliain 2020 is ea soláthar BOaO i gCeapaigh na Lao a leathnú. In 2020, déanfaimid comhpháirt 'Folláine a bhuí le bheith Lasmuigh' a leabú inár gcláir lánaimseartha BOaO DCCE Leibhéal 5&6 uile. Agus breis éilimh ar theagascóirí oilte, a bhuí leis an turasóireacht taiscéalaíochta agus an Corpoideachas a thabhairt isteach mar ábhar Ardteistiméireachta, tá sé mar aidhm againn an rogha cúrsaí atá againn do lucht fágála scoile sa réimse seo a fheabhsú.

Táim ag tnúth le bheith i gceannas ar fhoireann Bainistíochta BOaO in 2020 agus muid ag déanamh dul chun cinn ó thaobh na céime claochlaithe seo. Leanfaimid orainn ag obair go dlúth lenár mbaill foirne, lenár bhfoghlaimeoirí agus le SOLAS chun ár spriocanna don bhliain 2020 a bhaint amach.

| Tairbhithe 2019 | | | Tairbhithe 2020 |
|---|---|---|---|
| **Clár** | **Pleanáilte 2019** | **I ndáiríre 2019** | **Pleanáilte 2020** |
| Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh | 1229 | 1262 | 1209 |
| Nascoiliúint agus Bunoiliúint | 43 | 39 | 32 |
| Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas | 2170 | 2059 | 1604 |
| Oideachas Pobail | 1756 | 2011 | 1277 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 82 | 83 | 64 |
| Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) | 367 | 504 | 337 |
| Oiliúint Oíche | 888 | 1225 | 1171 |
| Uaireanta Comhoibrithe BOaO | 11 | 24 | 20 |
| Dianteagasc Bunoideachais d'Aosaigh (DTBOA) | 31 | 12 | 28 |
| Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna | 0 | 10 | 10 |
| Maoiniú eile | n/a | 399 | n/a |
| CIA | 1632 | 1464 | 1486 |
| Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF) | 10 | 6 | 17 |
| Scileanna don Obair | 76 | 31 | 42 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh | 0 | 23 | 0 |
| Sainsoláthraithe Oiliúna | 157 | 192 | 140 |
| Oiliúint do Scileanna ar leith | 590 | 535 | 592 |
| Oiliúint do Chúrsaí Oiliúna | 437 | 471 | 565 |
| Teagasc Deonach na Litearthachta | 65 | 83 | 52 |
| Croí na Scéime Deiseanna Gairmoiliúna (SDGO) | 286 | 212 | 227 |
| Ógtheagmháil | 253 | 227 | 226 |

## Mar seo a leanas a aithníodh tosaíochtaí do 2020 ar fud an Cholúin:

**Sprioc 1: Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**
*Fócas: Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a sholáthar atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir agus na cúrsaí breisoideachais agus oiliúna a chuirimid ar fáil faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus go bhfuil siad aitheanta ar leibhéal idirnáisiúnta | • Iarratas ar Chlár Printíseachta do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe a chur isteach.<br>• Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta ar na Cláir a bhfuil Athbhreithniú á dhéanamh orthu a chur i láthair Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir le Sonraí ón Suirbhé Printísigh a chur i láthair Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. | Q1 |
| | • Athbhreithniú soláthair a dhéanamh i gcúig gcinn d'Ionaid BOaO de chuid BOO Chiarraí.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar Ionad Oiliúna Pobail Thrá Lí (IOPTL) agus ar Ógtheagmháil. | Q2 |
| | • Taighde a dhéanamh faoin inmharthanacht a bhainfeadh leis an gcúram sláinte atá ar fáil sa réigiún a leathnú.<br>• Athbhreithniú cláir a dhéanamh ar Chlár Printíseachta Commis Chef.<br>• Athbhreithniú cláir a dhéanamh ar Chláir Treoraithe Turas Náisiúnta & Réigiúnach. | Q3 |
| | • Iarratas a chur isteach ar fhaomhadh chun an Talmhaíocht (Leibhéil 5 agus 6) a sheachadadh.<br>• Deimhniú Leibhéal 1 a chur i bhfeidhm gach áit a soláthraítear Bunoideachas d'Aosaigh (BOA).<br>• Oiliúint agus nósanna imeachta ginearálta an Chórais Idirnáisiúnta um Thástáil Teanga Béarla (CITTB) a thabhairt isteach i gcúrsaí BCTE.<br>• Oiliúint an Teastais i Múineadh an Bhéarla d'Aosaigh (TMBA) do theagascóirí BCTE. | Q4 |
| | • Leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas caighdeánaithe do chláir lánaimseartha ag Leibhéil 5 agus 6 an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Is iad na sprioc-chnuasaigh do 2020 Chúram Sláinte, Cúram Leanaí, Ealaín & Ceardaíocht agus Cúram Ainmhithe.<br>• Clár nua Gardála Slándála a fhorbairt agus cur isteach ar fhaomhadh ó DCCE. | 2020 |
| 4. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal. | • Lámhleabhar nua d'Fhoghlaimeoirí BOaO a fhoilsiú. | Q2 |
| | • Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta do BOO Chiarraí. | Q3 |
| | • Monatóireacht lárnach a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta Cáilíochta do sholáthar BOaO ar fad trí struchtúr rialachais dearbhaithe cáilíochta. | Q4 |
| | • Athbhreithniú ar an bpróiseas faofa cúrsaí le déanamh gach ráithe tríd an Aonad Dearbhaithe Cáilíochta ag Cruinnithe Boird Rialachas an Chláir Dearbhaithe Cáilíochta.<br>• Tuairisc ar na haschuir ón monatóireacht ar an bPlean Gníomhaíochta Cáilíochta le cur isteach chuig Comhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas caighdeánaithe do chláir lánaimseartha ag Leibhéal 5 agus 6 CNC sa Chúram Sláinte, Cúram Leanaí, Ealaín & Ceardaíocht agus Cúram Ainmhithe.<br>• Faisnéis Dearbhaithe Cáilíochta a thabhairt do bhaill foirne Chumas Éireann maidir le huaireanta comhoibrithe BOaO.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Próiseas agus Teimpléad nua Measúnaithe. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 5. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna/ ár gcoláistí/ ár n-ionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/ torthaí na gcigireachtaí/ na gcuairteanna sin chun feidhme go héifeachtach. | • Cuirfear Plean Bliantúil Feabhsúcháin Cáilíochta an Dearbhaithe Cáilíochta i láthair Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. | Q1 |
| | • Cuairteanna monatóireachta inmheánaí a thabhairt ar gach Ionad Ógtheagmhála uair sa bhliain agus tuarascáil a chur isteach chuig an Oifigeach Oideachais d'Aosaigh ar a bhfuil an fhreagracht sin agus chuig Stiúrthóir BOaO.<br>• Plean Bliantúil Feabhsúcháin Cáilíochta an Dearbhaithe Cáilíochta le foilsiú agus gníomhaíochtaí le cur i bhfeidhm ar fud sholáthar BOaO. | Q2 |
| | • Ullmhú do Thuarascáil Féinmheastóireachta (TFM) agus próifíl soláthraí DCCE roimh Athbhreithniú Tionscnaimh 2021.<br>• Cuairteanna Bunoideachais d'Aosaigh (BOA) atá beartaithe do 2020:<br>  • Neidín<br>  • Lios Tuathail<br>  • Oileán Chiarraí<br>  • Cill Orglan<br>  • Cathair Saidhbhín<br>• Déanfar anailís agus plé ar thuarascálacha Fíordheimhnithe Seachtraí (FDS) ag Comhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. Déanfar moltaí maidir le feabhsúcháin de réir mar is cuí. | 2020 |

**Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

*Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar ár n-acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh agus foghlama eagraíochta a chur chun cinn chun go mbeidh muinín ag gach páirtí leasmhar as cáilíocht agus ábharthacht ár gcuid clár agus cúrsaí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Straitéisí dearbhaithe cáilíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt do gach duine a bhfuil ról acu i gcláir a sholáthar, agus tacú leis na straitéisí sin. | • Plean FGL a fhorbairt don Cholún BOaO de réir leithdháiltí buiséid.<br>• Stór Acmhainní FGL ar líne a fhorbairt ina roinneann baill foirne BOaO ábhar cúrsa ó FGL. | Q2 |
| | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPolasaí agus Plean FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Córas taifeadta FGL a choinneáil chun tuairiscí a dhéanamh ar FGL do Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní tacaíochta foghlama breise do Thionscnamh Riachtanais Speisialta Oideachais (TRSO) Ógtheagmháil Thrá Lí. | 2020 |
| 2. Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do chleachtais teagaisc agus foghlama atá cuimsitheach/difreáilte inár gcuid scoileanna/ coláistí/ ionad/clár uile. | • Fianaise a bheith ag gach Ionad BOaO go bhfuil Plean oibríochtúil Litearthachta, Uimhearthachta agus Comhtháthaithe acu.<br>• Oiliúint a sholáthar ar an Dearadh Uilíoch, más gá. | Q3 |
| | • Líonra Achair Fhairsing (LAF) a fhorbairt chun tacú le rochtain Wi-Fi d'fhoghlaimeoirí.<br>• Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Phlean don Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta a fhorbairt do gach Ionad BOaO. Ba chóir don phlean seo feidhmiú i gcomhar le Ráiteas Straitéise uileghabhálach TFC 2019-2022.<br>• Taighde a dhéanamh ar an bhfáil a bheadh ar theicneolaíocht chúnta. | Q4 |

| | | |
|---|---|---|
| 2. Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do chleachtais teagaisc agus foghlama atá cuimsitheach/difreáilte inár gcuid scoileanna/ coláistí/ ionad/clár uile. | • Leanúint ar aghaidh ag cur le cleachtas ionchuimsitheach agus tionscadail a chur i bhfeidhm chun tacú le rannpháirtíocht phróifíl leathan foghlaimeoirí.<br>• Tá gach ionad le Plean Digiteach agus Foghlama a bheith aige, ina mbeidh léarscáil bonneagair agus riachtanais foghlama.<br>• Monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar rátaí rannpháirtíochta daoine faoi mhíchumas, daoine níos sine agus mionlaigh eitneacha in 2020 tríd an gCóras Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir (CTFC) agus an Bunachar Sonraí ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna. | 2020 |
| 3. Tacú le forbairt iomlánaíoch mac léinn agus foghlaimeoirí trí chorpoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar gach leibhéal, i.e. i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus sa bhreisoideachas agus oiliúint | • Páirt a ghlacadh i gCiarraí Sláintiúil, i gcomhpháirtíocht leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPA). Tá Ionaid BOaO uile le himeacht Chiarraí Sláintiúil a reáchtáil agus beidh deis ag an bpobal páirt a ghlacadh iontu.<br>• Tá sceideal imeachtaí le forbairt do Chiarraí Sláintiúil.<br>• An clár Oideachais Pobail le leanúint ar aghaidh ag cur cúrsaí ionchuimsitheacha, inrochtana agus atá saor in aisce ar fáil.<br>• Clár Fholláine a bhuí le bheith Lasmuigh a chur i gcrích. Reáchtáiltear an clár seo trí INOOA Cheapaigh na Lao agus beidh sé ar fáil d'oiliúnaithe, printísigh agus mic léinn cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta. | 2020 |
| 4. Cultúr nuálaíochta agus cleachtais athmhachnamhaigh a chothú, lena n-áirítear líonraí foghlama agus pobail chleachtais a fhorbairt agus an dea-chleachtas a chomhroinnt. | • Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta ar na Pobail Chleachtais atá ann cheana a chur i láthair Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir le hIonadaíocht Foghlaimeoirí a fhoilsiú go hinmheánach ar mhaithe le plé agus gníomh.<br>• Príomhthéamaí a eascraíonn as an bpróiseas Fíordheimhnithe Dearbhaíochta Cáilíochta Seasmhaí a fhoilsiú go hinmheánach ar fad sholáthar BOaO. | Q3 |
| | • Pobail Chleachtais le bunú i gcnuasaigh bhreise; Cúram Sláinte, Cúram Leanaí, Ealaín & Ceardaíocht, Cúram Ainmhithe.<br>• Foirne breise Office 365/Microsoft a leabú ar fud ionaid BOaO.<br>• Déanfaidh Plean Measúnaithe agus Feabhsúcháin Ionaid (PMFI) Ógtheagmhála scrúdú Dearbhú Cáilíochta a scrúdú: Forbairt, Seachadadh agus Athbhreithniú cláir d'fhonn a chinntiú go roinntear dea-chleachtas | Q4 |
| 5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú. | • Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo foireann Seaimpíní Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta a fhorbairt ar fud Ionaid BOaO de réir Ráiteas Straitéise TFC 2019-2022. | Q2 |
| | • Oiliúint a nuashonrú chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as bogearraí do Bhoird Bhána Idirghníomhacha. | Q3 |
| | • Moodle a chomhtháthú in ionaid ina bhfuil éileamh air.<br>• Rochtain ar chuntais agus ar bhogearraí Fhoghlaimeoirí Office 365 a leathnú chuig gach clár lánaimseartha.<br>• An teicneolaíocht a chomhtháthú i ngach plean ceachta BOaO, de réir mar is gá. | 2020 |
| 6. Deiseanna a thabhairt do mhic léinn/ foghlaimeoirí a bhfoghlaim a phleanáil agus a athbhreithniú go gníomhach. | • An Suirbhé Dearbhaithe Cáilíochta do Phrintísigh a fhoilsiú go hinmheánach chun aiseolas a bhailiú faoi chúrsaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe.<br>• Ceistneoirí Dearbhaithe Cáilíochta na bhFoghlaimeoirí Treoraithe Turas a fhoilsiú go hinmheánach chun aiseolas a bhailiú maidir le cúrsaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe. | Q2 |
| | • Aiseolas na bhfoghlaimeoirí ó na Suirbhéanna Dearbhaithe Cáilíochta a úsáid chun pleanáil agus athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh.<br>• Leanúint ar aghaidh ag úsáid ceistiúchán machnamhach agus/nó ceistneoirí le cliaint de chuid Sheirbhís Treorach agus Faisnéise Chiarraí d'Aosaigh (STFCA).<br>• Deiseanna breise a chruthú d'fhoghlaimeoirí a bheith gníomhach ina gcuid pleanála agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid foghlama. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 7. Cultúr a chruthú ina gceiliúrtar barr feabhais agus éachtaí foghlaimeoirí agus ball foirne araon. | • Bronnadh comhtháite Teastas Choláiste Chiarraí a reáchtáil d'fhoghlaimeoirí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag úsáid Nuachtlitir BOaO chun éachtaí suntasacha a aithint.<br>• Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as ardáin na Meán Sóisialta chun éachtaí suntasacha a aithint ar fud an cholúin.<br>• Leanúint ar aghaidh ag reáchtáil ócáidí gradaim d'fhoghlaimeoirí chun foghlaimeoirí BOaO a aithint, a cheiliúradh agus a spreagadh.<br>• Páirt a ghlacadh i bhFéile na Bealtaine chun nasc leis an nGaeilge a chur chun cinn.<br>• Páirt a ghlacadh i bhFéile Bia Dhaingean Uí Chúis 2020 chun cláir atá bunaithe ar an gcócaireacht a chur chun cinn. | 2020 |
| 8. Cineálacha difriúla cur chuige a chur chun feidhme i leith forbairt curaclaim agus clár, ar cineálacha cur chuige iad lena gcuirfear béim ar an ábhar a oiriúnú do riachtanais foghlaimeoirí, fostaithe agus phobal agus do phríomhthosaíochtaí scileanna réigiúnacha. | • Na haschuir ón monatóireacht ar an bPlean Gníomhaíochta Cáilíochta a chur in iúl do Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. | Q1 |
| | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas faofa cúrsaí gach ráithe tríd an Aonad Dearbhaithe Cáilíochta ag Cruinnithe Boird an Chláir Dearbhaithe Cáilíochta.<br>• Leanúint ar aghaidh ag úsáid measúnachtaí ar Shocrúchán Oibre chun dul chun cinn leanúnach a dhéanamh.<br>• Leanúint ar aghaidh ag úsáid measúnachtaí ar Shocrúchán Oibre chun aiseolas a bhailiú maidir le soláthar Scileanna don Obair agus Scileanna chun Dul Chun Cinn a dhéanamh.<br>• An Dúshlán Léitheoireachta agus an Chonair Matamaitice a chur i bhfeidhm ar fud sholáthar Bhunoideachais d'Aosaigh. | 2020 |
| 9. A chinntiú go bhfuil gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí in ann foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus nua-aimseartha. | • Oscailt oifigiúil Choláiste Scéimhe Chiarraí, aonad scéimhe agus spá den chéad scoth. | Q1 |
| | • Líonra Achair Fhairsing a fhorbairt chun tacú le rochtain Wi-Fi do mhic léinn/d'fhoghlaimeoirí.<br>• Aghaidh a thabhairt ar riachtanais deisithe foirgneamh in Ionaid BOaO, de réir mar is gá. | Q4 |
| | • An soláthar BOaO agus iar-bhunscoile i gColáiste Chiarraí, ar Champas Lios Tuathail agus i gColáiste na Ríochta a dhealú. | 2020 |
| 10. Cloí le treoirlínte folláine náisiúnta agus iad a chur chun cinn, agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht leordhóthanach do dhaltaí, do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí | • Tionscnaimh BOaO Chiarraí Sláintiúil a fhorbairt leis an CFPA mar chuid de thiomantas BOO Chiarraí do Chreat Éire Shláintiúil, Bíodh Éire Gníomhach agus Meáchan Sláintiúil d'Éirinn.<br>• Féilire imeachtaí/plean oibre a chruthú do Thionscnaimh BOaO Chiarraí Sláintiúil atá beartaithe.<br>• Leanúint ar aghaidh ag obair ar straitéisí náisiúnta agus áitiúla Sláinte & Aosaithe Dhearfaigh, e.g. Aoisbhá Chiarraí, ach oideachas pobail a sholáthar. | Q1 |
| | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfolláine mar chuid de phróiseas Phlean Measúnaithe agus Feabhsúcháin Ionaid Ógtheagmhála. | Q3 |
| | • Tacú le cur i bhfeidhm seirbhísí comhairleoireachta gairmiúla ar fud champais agus ionaid BOO Chiarraí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag tacú leo siúd is mó atá ar imeall na sochaí ach oideachas saincheaptha pobail a sholáthar. | 2020 |

**Sprioc 3: Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna**

*Fócas: Réitigh agus freagairtí atá nuálach agus cruthaitheach a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais foghlama agus forbartha a bhíonn ag daoine óga agus aosaigh i sochaí a bhíonn ag athrú.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Freagairt go leanúnach d'athruithe ar an déimeagrafaic i gCiarraí agus ár soláthar seirbhíse a phleanáil dá réir sin, nuair is féidir. | • Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir le rátaí Cláraithe, Críochnaithe, Creidiúnaithe agus Dul Chun Cinn Foghlaimeoirí le cur i láthair Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. | Q1 |
| | • Seimineár a reáchtáil chun uirlis phróifílithe na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus eolas fúithi a roinnt. | Q2 |
| | • Iniúchadh a dhéanamh ar ár gcumas tacú le soláthar oideachais d'iarrthóirí tearmainn.<br>• A chinntiú go bhfreastalaíonn an curaclam agus an modh seachadta ar riachtanais gach foghlaimeora agus tagairt ar leith á déanamh d'Iarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta.<br>• Díriú ar sholáthar BOaO sna ceantair ina bhfuil an ghnóthachtáil oideachais is ísle.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar anailís dhéimeagrafach dhobharcheantar Chill Airne, mar a rinne an Colún Scoileanna. | 2020 |
| 2. Freagairt go héifeachtach do na riachtanais atá ag fostóirí agus ag an ngeilleagar trí leas a bhaint as réitigh chruthaitheacha nuálacha. | • Forbairt iomlán a dhéanamh ar Chlár Printíseachta na dTuirbíní Gaoithe. | Q1 |
| | • Straitéis Rannpháirtíochta Fostóirí a fhorbairt agus a fhoilsiú agus an bhéim is mó ar Chúram Sláinte i dtús báire. Cuirfidh an straitéis seo na haicmithe nua cúrsaí faoi Choláiste Chiarraí san áireamh, i.e. Cúrsaí don Fhostaíocht, Cúrsaí chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh, Cúrsaí Printíseachta, agus cuirfidh sí san áireamh freisin taighde a rinneadh roimhe seo.<br>• Oibriú le fostóirí gairmiúla chun tacú le seachadadh na modúl.<br>• Deimhniú a fháil chun Mórdhámhachtainí Talmhaíochta a bhronnadh ag Leibhéil 5 & 6 chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil feirmeoireachta.<br>• Leanúint ar aghaidh ag cur le ráta dul chun cinn foghlaimeoirí go dtí an fhostaíocht inbhuanaithe faoi 125% ar a laghad ionas go mbainfimid ár sprioc oiriúnaithe trí bliana amach.<br>• Cúrsa Oiliúna san Innealtóireacht Mara a chur ar fáil.<br>• Printíseacht Gruagaireachta a chur ar fáil.<br>• An Intéirneacht Iarchéime i Léiriúchán na Meán a chur ar fáil.<br>• Cúrsaí nua Scileanna don Obair a chur ar fáil.<br>• Leanúint ar aghaidh ag obair ar thionscnamh na dTithe Cliste i nDaingean Uí Chúis mar chuid de Thionscadal 'Maireachtáil Níos Cliste' Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL) agus Mhol Dhaingean Uí Chúis. | 2020 |
| 3. Cur leis an inniúlacht atá againn freagairt do na dúshláin atá ann i sochaí ilchultúrtha. | • Tacú le himeachtaí ilchultúrtha in ionaid agus ar champais.<br>• Tiomantas leanúnach a léiriú do náisiúnaigh nach Éireannaigh iad a chlárú agus tacaí agus deiseanna foghlama cuí a sholáthar.<br>• Leanúint ar aghaidh ag soláthar soiléireachta d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne maidir le cearta náisiúnach nach náisiúnaigh AE iad.<br>• Tá Ógtheagmháil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gComhionannas agus an tIdirchultúrachas mar chuid de phróiseas PMFI.<br>• Oiliúint agus nósanna imeachta ginearálta CITTB a thabhairt isteach i gcúrsaí BCTE.<br>• Oiliúint ar chaighdeán CITTB a chur ar fhoghlaimeoirí BCTE.<br>• Cur le soláthar BCTE agus a chinntiú go saincheaptar an t-ábhar chun go mbeadh sé ábhartha do chúinsí agus spriocanna an fhoghlaimeora. | 2020 |
| 4. Leanúint le freagairtí a athnuachan agus le cinn nua a fhorbairt chun rannpháirtíocht a mhéadú i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna. | • Oifig iontrála Choláiste Chiarraí a bhunú i lár bhaile Thrá Lí chun tacú le hiontrálacha go Coláiste Chiarraí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag forbairt tionscadail nuálacha chun teagmháil a dhéanamh le foghlaimeoirí a mbeadh sé deacair teacht orthu murach sin.<br>• Córas bliantúil pleanála idirchláir a thabhairt isteach do TEAM. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 5. Úsáid deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear foghlaim ar líne, foghlaim chumaisc, foghlaim de réir seimeastair agus cláir oíche | • Tacú le cur i bhfeidhm Straitéis TFC BOO Chiarraí 2019-2022.<br>• Moodle a chur i bhfeidhm sna hionaid/ar na campais chuí | 2020 |
| 6. I gcomhar le SOLAS, agus ar aon dul leis an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, cláir oideachais agus oiliúna a shainaithint agus a chur ar fáil chun daoine óga agus aosaigh a ullmhú do dhul chun cinn agus do dheiseanna fostaíochta amach anseo. | In 2020, leanfaimid orainn ag obair i dtreo monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar ár 6 sprioc BOaO ar aontaíodh orthu le SOLAS mar chuid dár gComhaontú Feidhmíochta Straitéisí agus i dtreo a mbaint amach;<br>• **Sprioc 1:** Céimeanna a ghlacadh chun cur le hinfhostaitheacht ár bhfoghlaimeoirí.<br>• **Sprioc 2:** Oibriú ar bhealaí dul chun cinn agus ar chomhaontuithe le réimse institiúidí Ardoideachais.<br>• **Sprioc 3:** Leibhéal an tsoláthair chreidiúnaithe ar fud réimsí na Litearthachta d'Aosaigh agus an Bhunoideachais a mhéadú faoi 20% eile in 2020.<br>• **Sprioc 4:** Cur le líon iomlán na ndaoine a ghlacann páirt san fhoghlaim ar feadh an tsaoil.<br>• **Sprioc 5:** Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar ar fud cnuasach slite beatha.<br>• **Sprioc 6:** Leanúint ar aghaidh ag forbairt Cúrsaí Oiliúna agus Printíseachtaí tionscaltreoraithe. | 2020 |
| 8. Leanúint le tacaíocht a thabhairt don fhorbairt ar fhreagairtí riachtanach cuí don óige i gCiarraí. | • Leanúint ar aghaidh ag ceapadh cláir pháirtaimseartha réamhfhorbartha do dhaoine óga. Spriocbhailte do 2020: Trá Lí, Lios Tuathail, Oileán Chiarraí agus Cill Airne.. | 2020 |

**Sprioc 4: Rochtain agus Dul Chun Cinn**

***Fócas: Tacú le mic léinn agus le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar dheiseanna oideachais agus oiliúna agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus tacú leo dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais, fostaíochta agus/nó forbairt phearsanta de.***

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Réamhfhoghlaim a aithint i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta chun rochtain a éascú ar chláir oideachais agus oiliúna. | • Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir le rátaí Cláraithe, Coinneála, Críochnaithe, Creidiúnaithe agus Dul Chun Cinn Foghlaimeoirí a chur i láthair Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. | Q1 |
| | • Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo próisis a fhorbairt sa Dearbhú Cáilíochta a chinnteoidh go mbeidh an leibhéal céanna tacaíochta ar fáil do gach foghlaimeoir BOaO. | Q3 |
| | • Polasaí caighdeánaithe Iontrála a fhorbairt.<br>• Leanúint ar aghaidh le hAitheantas Réamhfhoghlama (ARF) le Treorú Turas Náisiúnta. | 2020 |
| 2. Tacaíocht oideachais agus ghairmthreorach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun rochtain agus deiseanna dul chun cinn a uasmhéadú. | • Suíomh oifigiúil Choláiste Chiarraí a sheoladh.<br>• Dréachtpholasaí Táillí BOaO a fhaomhadh agus a chur i bhfeidhm. | Q1 |
| | • Conairí dul chun cinn a mhapáil do gach cúrsa páirtaimseartha agus lánaimseartha. | Q3 |
| | • Coláiste Chiarraí a chur chun cinn ar fud an chontae a bhuí le cuairteanna ar scoileanna, foilseacháin/feachtais sna meáin agus ábhar ar na meáin shóisialta.<br>• Conairí níos éifeachtaí a fhorbairt idir iar-bhunscoileanna an BOO agus Coláiste Chiarraí.<br>• Úsáid STFCA in Ionaid SDGO agus BOaO a spreagadh.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíocht treorach ar fud Choláiste Chiarraí agus súil le múnla soiléir tacaíochta treorach a fhorbairt.<br>• Tá STFCA le ceardlanna téamúla a sholáthar in 2020 chun tacú le foghlaimeoirí agus chun gairmthreoir a chur ar fáil.<br>• Tacú le Tionscadal Meantóirí BOO Chiarraí mar bhealach le dul chun cinn mac léinn a chinntiú. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 3. Ár straitéisí rollaithe foghlaimeoirí a fheabhsú laistigh de BOaO chun socrúcháin foghlaimeoirí, rannpháirtíocht agus coinneáil inár gcláir a uasmhéadú. | • Dréachtpholasaí agus Nós Imeachta d'Fhorbairt Clár le faomhadh ag Bord an BOO. Tacaíonn an polasaí seo le bealaí rochtana, aistrithe agus dul chun cinn.<br>• Plean Aistrithe agus Dul Chun Cinn a fhorbairt trí Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí chun tacú le coinneáil mac léinn.<br>• Tacú le foghlaimeoirí BOaO a gcuntais FETCH (Mol Cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna) féin a chruthú agus a úsáid. | 2020 |
| 4. Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimeoirí a rianú | • Leanúint ar aghaidh ag díriú ar iontráil sonraí CTFC atá tráthúil agus cruinn.<br>• Ráta reatha na n-iontrálacha anaithnid sna sonraí a laghdú faoi 60%.<br>• Ráta clárúcháin ar FETCH le 55% a bhaint amach.<br>• Suirbhé Taifeadta Dul Chun Cinn an Fhoghlaimeora le críochnú do Champas Mhóin an Bhaile, Ionad Oideachais Pobail agus Soláthar Sainoiliúna Choláiste Chiarraí agus na sonraí a úsáid chun na cláir a fheabhsú. | 2020 |
| 5. Straitéisí a chur i bhfeidhm agus acmhainní a chur ar leataobh dóibh chun a chinntiú go bhfuil croí-inniúlachtaí (scileanna litearthachta, scileanna uimhearthachta, scileanna smaointeoireachta criticiúla, scileanna digiteacha agus litearthachta ríomhairí agus scileanna gnóthaithe poist) leabaithe laistigh dár gcláir agus dár gcúrsaí uile. | • Fianaise ar Plean Litearthachta, Uimhearthachta agus Ionchuimsithe oibríochtúil a bheith ag gach Ionad BOaO.<br>• Straitéis TFC 2019-2022 a chur i bhfeidhm.<br>• Líon na bhfoghlaimeoirí Litearthachta d'Aosaigh & Bunoideachais a ghlacann páirt sa chreidiúnú a mhéadú faoi 10% in 2020.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí mar chuid de PMFI Ógtheagmhála le cinntiú go bhfuil siad leabaithe ar fud an chláir ar fad. | 2020 |
| 6. Sraith tacaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear tacaí míchumais, socrúcháin agus atreoruithe chuig gníomhaireachtaí eile, chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht, ar choinneáil agus ar dhul chun cinn. | • Mar chuid den Bhunoideachas d'Aosaigh, déantar cúrsaí deimhnithe agus neamhdheimhnithe a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí atá faoi mhíchumas.<br>• A chinntiú go bhfuil ionaid foghlama oscailte, seirbhísí tacaíochta mac léinn agus tacaí teicniúla cúnta ar leith ar fáil ar fud champais Choláiste Chiarraí.<br>• An tionscnamh Tar Isteach, Ná Éirigh As a leathnú ar fud Choláiste Chiarraí. Cuireann an tionscnamh seo tacaíocht ar fáil d'aon mhac léinn atá ag cuimhneamh ar éirí as cúrsa.<br>• A chinntiú go bhfuil fáil ag gach foghlaimeoir BOaO ar theicneolaíocht chúnta, socruithe réasúnta agus comhairleoireacht theiripeach éigeandála.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar an ngá atá le breis meántóireachta do dhaoine óga nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas ná oiliúint do na céimeanna réamhfhorbartha agus dul chun cinn. | 2020 |

**Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt**

*Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana le comhlachtaí ábhartha ar leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an leas is mó a bhaint as ár gcumas chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus oibre don óige i gCiarraí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Leanúint le caidreamh éifeachtach a fhorbairt le comhlachtaí fostóirí, le ceardchumainn agus le heagraíochtaí ábhartha eile chun taithí oibre agus socrúcháin oibre ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí. | • Polasaí Taithí Oibre a fhorbairt.<br>• Líonrú agus comhoibriú le Chamber Alliance i gCiarraí a mhéadú.<br>• Straitéis Rannpháirtíochta Fostóirí a fhorbairt agus a fhoilsiú agus an bhéim is mó ar Chúram Sláinte i dtús báire.<br>• Tionscadail comhoibrithe tionscail a leathnú ar fud Choláiste Chiarraí. Déanann comhthionscadail foghlaimeoirí a chomhtháthú le hearnálacha tionscail ar leith.<br>• Ionadaithe gnó/tionscail a cheapadh ar Bhord Rialachais Choláiste Chiarraí. | Q1 |
| 2. Leanúint le hobair i ndlúth-chomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le DCCE agus le BOO Éireann. | • Tacú le cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Maoirseachta agus na gComhaontuithe Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.<br>• Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le SOLAS, ag cur straitéisí i bhfeidhm agus ag obair d'fhonn na spriocanna a leagtar amach i gComhaontú Feidhmíochta Straitéisí BOO Chiarraí a bhaint amach.<br>• Leanúint ar aghaidh le pleanáil próiseas de réir Pharaiméadair Phleanála agus Mhaoinithe Uileghabhálacha agus Ceangaltas BOOanna SOLAS 2020, cheangaltais Chóras Iarratais agus Tuairiscithe Leithdháilte Maoinithe agus cheangaltais CTFC.<br>• Oibriú go rialta le BOO Éireann.<br>• Nóta Teimpléid Cruinnithe BOO Éireann a chomhlánú agus a chur ar ais i ndiaidh cruinnithe tríú páirtí.<br>• Idirghníomhaíocht leanúnach le DCCE tríd an aonad Dearbhaithe Cáilíochta. | 2020 |
| 3. Leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúth-chomhpháirt le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraímid. | • Dul i gcomhairle le Ceardchumainn go rialta maidir le polasaithe agus nósanna imeachta ábhartha.<br>• Freastal ar 3-4 cruinniú le AMÉ gach bliain chun plé a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna a thagann chun cinn sa BOaO. | 2020 |
| 4. Leanúint leis na próisis chomhpháirtíochta, na prótacail chomhpháirtíochta agus na nósanna imeachta comhpháirtíochta atá ar bun againn a athbhreithniú agus a leasú nuair is cuí | • A chinntiú go gcuirtear Comhaontuithe Deontais, MTanna agus/nó CALSanna i bhfeidhm le tríú páirtithe nuair is gá.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar MTanna agus/nó CALSanna reatha atá i bhfeidhm le heagraíochtaí tríú páirtí.<br>• A chinntiú go gcuirtear socruithe i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais monatóireachta agus tuairiscithe de réir Imlitir 0013/2014. | 2020 |
| 5. Caidreamh nua a fhorbairt le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile, le heagraíochtaí deonacha don óige agus le heagraíochtaí pobail, agus an caidreamh láidir atá againn leosan cheana féin a chothú, chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraímid don óige. | • Ainmní a cheapadh ar Choiste Cúraim Leanaí Chontae Chiarraí. | Q1 |
| | • Leanúint ar aghaidh ag obair le Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDO) Chiarraí.<br>• A chinntiú go gcuirtear Comhaontuithe Deontais, MTanna agus/nó CALSanna i bhfeidhm nuair is gá le tríú páirtithe.<br>• A chinntiú go gcuirtear socruithe i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais monatóireachta agus tuairiscithe de réir Imlitir 0013/2014.<br>• Tacú le cur i bhfeidhm an mhúnla nua maoinithe UBU Do Áit Do Spás. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 6. Cláir de chuid an Aontais Eorpaigh a úsáid chun caidreamh le gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a fhorbairt. | • Cur leis an gcur amach atá ar thionscadail Léargas/Erasmus + agus le líon na daoine a ghlacann páirt iontu. | 2020 |
| 7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht a mhéadú i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. | • Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna do Choláiste Chiarraí agus d'ionaid BOaO chun líon na ndaoine a ghlacann páirt sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú ach comhoibriú le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí. | 2020 |
| 8. Obair i gcomhpháirt le comhlachtaí ábhartha Ealaíon chun na healaíona san oideachas a chur chun cinn. | • Iniúchadh a dhéanamh ar naisc a bhunú idir Ógtheagmháil agus tionscadal CPAOC. | 2020 |
| 9. Naisc a fhorbairt le fostóirí chun a chinntiú go bhfreagraítear go héifeachtach dá riachtanais i ngeilleagar a bhíonn ag athrú. | • Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh a chur chun cinn.<br>• Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le Fóram Réigiúnach Scileanna an Iardheiscirt. | 2020 |
| 10. Obair i ndlúth-chomhpháirt leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun a chinntiú go nglactar cur chuige níos comhcheangailte i leith cláir forbartha áitiúla agus pobail a chur i bhfeidhm. | • Ionaid BOaO le leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt scileanna réigiúnacha ach scéimeanna fostaíochta atá maoinithe ag an rialtas áitiúil a sholáthar.<br>• Leanfaidh clár an Oideachais Pobail ar aghaidh ag cur cláir áitiúla ar fáil.<br>• Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte iontu seo a leanas:<br>» Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chomhairle Contae Chiarraí<br>» Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta<br>» Líonra Rannpháirtíochta Poiblí<br>» Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail<br>» Comhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas agus Comhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Thuaidh, Thoir & Theas. | 2020 |

**Sprioc 6: Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, díriú agus ábharthacht ár seirbhísí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Comhairlí mac léinn a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad uile | • Ainmní Foghlaimeora a ainmniú do Bhord Rialachais Choláiste Chiarraí. | Q1 |
| | • Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an ról a imríonn foghlaimeoirí inár n-ionaid/gcampais.<br>• Comhairle foghlaimeora a bheith ag gach Ionad BOaO faoi dheireadh 2020, mar a bhfuil éileamh air.<br>• Oibriú le Boird Clár Dearbhaithe Cáilíochta agus Comhairle Cáilíochta BOO Chiarraí chun rannpháirtíocht foghlaimeoirí a éascú. | 2020 |
| 2. Comhairlí tuismitheoirí a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad uile. | • Comhairlí Tuismitheoirí le bunú sna cláir Ógtheagmhála atá fágtha (Trá Lí, Ciarraí Theas, Lios Tuathail) in 2020.<br>• Ógtheagmháil le hathbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht tuismitheoirí mar chuid de phróiseas PMFI. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 3. Leanúint le meicníochtaí comhairliúcháin shaincheaptha agus chuimsithigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme lenár ngeallsealbhóirí uile. | • Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta ón Suirbhé do Phrintísigh le cur i láthair Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag síniú Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse le páirtithe leasmhara seachtracha. | Q1 |
| 4. Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint. | • Dea-chaidreamh comhoibritheach a choinneáil le SOLAS; a bheith ar an eolas faoi fhoilseacháin, treoracha etc.<br>• Straitéisí náisiúnta SOLAS a chur in oiriúint, á gcur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí i gcomhthéacs Chiarraí ach comhoibriú le foireann Bainistíochta BOaO agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.<br>• Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le SOLAS chun na spriocanna a leagtar amach i gComhaontú Feidhmíochta Straitéisí BOO Chiarraí. | 2020 |
| 5. Leanúint le húsáid a bhaint as an aiseolas ó pháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus chun an soláthar reatha a fheabhsú. | • Leanúint ar aghaidh ag forbairt meicníochtaí le haghaidh aiseolais ó pháirtithe leasmhara agus iad a úsáid le haghaidh pleanála agus feabhsúcháin leanúnaigh.<br>• Comhoibriú leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus aon bhearnaí, dúbláil nó athruithe cuí eile a aithint le chéile.<br>• Ar a laghad dhá réiteach oiliúna saincheaptha a sholáthar mar fhreagra ar an anailís ar riachtanais oiliúna cuideachtaí a rinneadh faoi Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh.<br>• Oibriú le SciTech Chiarraí agus dhá réiteach nua oiliúna a chur ar fáil dá gcuid ball. | 2020 |
| 6. Leanúint lenár straitéis rannpháirtíochta fostóirí a fheabhsú chun riachtanais fostóirí a chur ar comhréim ar bhealach níos éifeachtaí lenár straitéisí forbartha scileanna. | • Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh a Chur Chun Cinn.<br>• Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le Fóram Réigiúnach Scileanna an Iardheiscirt. | 2020 |
| 7. Leanúint le dul i mbun idirphlé le comhlachtaí bronnta dámhachtana, DCCE ina measc, chun cur leis na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimeoirí. | • Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta a chur faoi bhráid DCCE.<br>• Plean Feabhsúcháin Dearbhaithe Cáilíochta a chur faoi bhráid DCCE.<br>• Tuarascáil Féinmheastóireachta Dearbhaithe Cáilíochta a chur faoi bhráid DCCE.<br>• Ullmhú d'Athbhreithniú Tionscnaimh Dhearbhuithe Cáilíochta BOO Chiarraí, a dhéanfaidh DCCE. | Q1<br>Q4<br>2020 |
| 8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa dóigh a mbainistímid daoine. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus Polasaí FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Plean FGL a fhorbairt do BOaO a fheidhmeoidh i gcomhar le Plean FGL iomlán na heagraíochta.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir na ndeiseanna FGL a thagann chun cinn.<br>• Ról gníomhach a ghlacadh i gcruthú agus i gcur i bhfeidhm Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne BOO Chiarraí do 2020.<br>• Leanúint ar aghaidh ag glacadh ról tacaíochta gníomhaí i bhfolláine ball foirne.<br>• Lá foirne BOaO a reáchtáil ar gach campas/i ngach ionad. | 2020 |
| 9. Ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a thomhas chun pleanáil chomhcheangailte clár agus seirbhísí agus soláthar comhcheangailte clár agus seirbhísí a spreagadh chun freastal ar riachtanais i gCiarraí. | • Conairí níos éifeachtaí a fhorbairt idir iar-bhunscoileanna an BOO agus Coláiste Chiarraí.<br>• Coláiste Chiarraí a chur chun cinn ar fud an chontae a bhuí le cuairteanna ar scoileanna, foilseacháin/feachtais ar na meáin agus ábhar meán sóisialta. | 2020 |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht**

***Focus:*** *Ensure our strategic objectives are effectively supported by our management and administrative processes to ensure the highest standards of accountability, compliance and transparency.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 4. Ár bhféidearthachtaí agus ár gcumas ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Oiliúint OneNote a sholáthar do bhainisteoirí chun cur ar a gcumas acu an OneNote Sláinte & Sábháilteachta atá acu a nuashonrú. | Q2 |
| | • A bheith gníomhach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne BOO Chiarraí do 2020.<br>• Tacú le cur i bhfeidhm oiliúint Choiste Alt 44 in 2020.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhainistíocht de réir deiseanna FGL.<br>• Dul i gcomhairle leis an Rannóg Acmhainní Daonna chun a chinntiú go bhfuil an clár Ionduchtaithe Foirne do bhaill foirne nua cothrom le dáta, de réir mar is gá.<br>• Ar a laghad trí fhóram BOaO a reáchtáil in aghaidh na bliana chun caidreamh a bhunú leis an meánbhainistíocht.<br>• Cruinnithe Bainistíochta BOaO rialta le bheith ann.<br>• Athbhreithniú, monatóireacht agus bhainistíocht leanúnach ar chosaint sonraí, rioscaí, sláinte & sábháilteacht.<br>• Oibriú go gníomhach leis an gCreat Bainistíochta Riosca ar an iomlán ar mhaithe leis an eagraíocht. | 2020 |
| 5. Ár n-acmhainn pleanála acmhainní agus ár n-acmhainn bainistíochta oibríochtúla a fheabhsú ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfimid leas as oiliúint agus as FGL agus cuirfimid struchtúir eagraíochta níos cuí i bhfeidhm. | • Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid córas agus oiliúint nuashonraithe a sholáthar de réir mar is gá, i.e. CTFC etc.<br>• Meicníochtaí Inmheánacha Rialaithe a bheidh sásúil a fhorbairt ar fud an Cholúin.<br>• Uaireanta Pháirc an Chrócaigh a úsáid go héifeachtach sa soláthar ábhartha uile. | 2020 |
| 8. Cultúr foghlama leanúnaí agus cleachtais athmhachnamhaigh a chur chun cinn. | • Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir leis na Pobail Chleachtais atá ann cheana le cur faoi bhráid Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir le hIonadaíocht Foghlaimeoirí a fhoilsiú go hinmheánach ar mhaithe leis an bplé agus leis an ngníomh.<br>• Príomhthéamaí a eascraíonn as an bpróiseas Fíordheimhnithe Sheachtraigh Dearbhaithe Cáilíochta a fhoilsiú go hinmheánach. | Q3 |
| | • Cnuasaigh bhreise Pobal Cleachtais le bunú; Cúram Sláinte, Cúram Leanaí, Ealaín & Ceardaíocht agus Cúram Ainmhithe.<br>• Foirne breise Office 365/Microsoft a leabú ar fud ionaid BOaO. | Q4 |

**Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**

*Fócas: : Ár seirbhísí a mhargú, ár mbranda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir ar bhealach éifeachtach.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 3. Straitéis margaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú. | • Oscailt oifigiúil Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí.<br>• Suíomh gréasáin Litearthacht d'Aosaigh & Bunoideachas a ailíniú le suíomh gréasáin BOO Chiarraí. | Q2 |
| | • Straitéis mhargaíochta agus féilire imeachtaí, lena n-áirítear cuairteanna scoile, a fhorbairt do Choláiste Chiarraí i gcomhar leis an tSain-Oifig Iontrála.<br>• Tá Seachtain Oscailte Choláiste Chiarraí beartaithe le bheith ar siúl ón 2-6 Márta. Beidh an ócáid seo ar siúl ar cheithre champas an choláiste.<br>• Coláiste Chiarraí a chur chun cinn ar fud an chontae a bhuí le cuairteanna ar scoileanna, foilseacháin/feachtais ar na meáin agus ábhar meán sóisialta. | 2020 |
| 4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm. | • Plean Teanga a fhorbairt do Thrá Lí agus é ina Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. | Q3 |
| | • Cúrsaí oiliúna Gaeilge a chur ar fáil do na baill foirne sin a mbeadh suim acu ina leithéid.<br>• Leanúint ar aghaidh ag cur Scéim Teanga 2017-2020 i bhfeidhm. | 2020 |
| 5. Straitéis a fhorbairt le haghaidh úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn. | • Nós imeachta meán sóisialta a fhorbairt chun tacú le húsáid na meán sóisialta ar fud na scéime agus chun é sin a spreagadh. | Q2 |
| | • Suíomh gréasán nua Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí a sheoladh.<br>• Straitéis mhargaíochta agus féilire imeachtaí, lena n-áirítear cuairteanna scoile, a fhorbairt do Choláiste Chiarraí i gcomhar leis an tSain-Oifig Iontrála.<br>• Úsáid chuntais meán sóisialta na gcampas/na n-ionad a chur chun cinn (Instagram, Twitter, Facebook etc.).<br>• A chinntiú go gcloítear le lógóanna (BOO Chiarraí, Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) etc.) san ábhar bolscaireachta go léir. | 2020 |
| 7. An raon leathan roghanna dul chun cinn atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí trí chláir Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a leagan amach. | • Roghanna dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí a mhapáil go soiléir ar fud Choláiste Chiarraí agus na nIonad BOaO. | Q3 |
| | • Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo léarscáil dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí a roinnt ar bhealach níos ciallmhaire ar fud na n-ionad/ na gcampas etc. | 2020 |
| 8. Foilseacháin chuí a fhorbairt agus a ullmhú do mhic léinn agus do thuismitheoirí i bhformáidí inrochtana éagsúla, ar foilseacháin iad ina míneofar an córas dámhachtana, an comhlacht bronnta dámhachtana, an measúnú a dhéanfar chun an dámhachtain a bhaint amach agus na roghanna dul chun cinn a bhaineann leis an dámhachtain. | • Réamheolaire Choláiste Chiarraí a chruthú (réamheolaire comhtháite do na ceithre champas). | Q1 |
| | • Measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht fhoilseacháin BOaO agus moltaí praiticiúla a dhéanamh maidir le feabhsúchán.<br>• Acmhainní a fhorbairt chun cúrsaí páirtaimseartha ábhartha a mhargú d'fhostaithe incháilithe. | Q4 |

| **Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**<br>*Fócas: Na deiseanna oiliúna agus forbartha agus na háiseanna atá ar fáil do bhaill foirne a fhorbairt agus a bhreisiú ar bhonn leanúnach agus feabhas a chur ar an timpeallacht ina n-oibríonn baill foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.* | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid)** | **Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse** | **Sprioc** |
| 3. Leanúint le cláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a sholáthar chun freastal ar na riachtanais a shainaithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta feidhmíochta. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus i bPolasaí FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• A bheith gníomhach i gceapadh agus i gcur chun cinn Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne BOO Chiarraí do 2020.<br>• Modheolaíochtaí teagaisc a chur in oiriúint chun go mbeadh béim ar chomhtháthú BCTE/na litearthachta de réir mar is cuí. | 2020 |
| 4. Leanúint le tacaíocht a thabhairt don scéim folláine foirne agus do dheiseanna forbartha gairme agus aistrithe poist. | • Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Múnla éifeachtach Treorach a bheith i bhfeidhm ar fud cholúin agus champais BOaO uile chun tacú le deiseanna fostaíochta agus dul chun cinn.<br>• Painéal Teagascóirí a bheith i bhfeidhm do réimsí ina dteastaíonn saineolas breise ar ábhar. | 2020 |
| 5. Leanúint le cláir agus raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun meabhairshláinte dhearfach a chothú i measc mac léinn, foghlaimeoirí agus ball foirne. | • Tacú le cur i bhfeidhm seirbhísí comhairleoireachta gairmiúla ar fud ionaid agus champais BOO Chiarraí.<br>• Tacaí Leasa Foirne BOO Chiarraí a chur chun cinn go leanúnach.<br>• Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte i gCoiste Folláine an Ionaid Oibre.<br>• Obair le tionscnamh na Brataí Ómra a leathnú. | 2020 |
| 7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le Cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus i bPolasaí FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir deiseanna FGL. | 2020 |
| 8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu. | • Coláiste Scéimhe Chiarraí a oscailt go hoifigiúil.<br>• Oibriú leis an Rannóg Tacaíochta Corparáidí agus Forbartha Caipitil d'fhonn a chinntiú go bhfuil foirgnimh ag comhlíonadh riachtanas ar fud na scéime. | Q1 |
| | • Aonad Iontrála Choláiste Chiarraí a oscailt go hoifigiúil. | Q2 |
| | • Ionaid chomhtháite BOaO a fhorbairt i gCill Airne agus i gCill Orglan. | Q4 |
| 9. Tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitil/ tógála lena dtacófar le Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a chomhtháthú tuilleadh. | • Oibriú lenár Rannóg Tacaíochta Corparáidí agus Forbartha Caipitil ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil foirgnimh ag comhlíonadh riachtanas ar fud na scéime.<br>• A chinntiú ndéantar riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh an t-am ar fad. | 2020 |

# Ráiteas ar Sheirbhísí – An Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Baineann an colún Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta leis an struchtúr rialachais agus le bainistiú fheidhmeanna riaracháin an BOO. Baineann sé seo le córais agus próisis a bheith i bhfeidhm chun a chinntiú go mbaineann an eagraíocht a spriocanna amach go macánta agus go ndéantar í a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

In 2019, tugadh isteach Cód nua Cleachtais do Rialachas BOOanna agus in 2020, leanfaimid orainn ag déanamh athbhreithniú ar ár gcleachtais chun a chinntiú go bhfuil an cód á chomhlíonadh againn. Áireofar ann seo córas cuimsitheach rialaithe inmheánaigh a fhorbairt chun a chinntiú go dtuigeann gach duine atá bainteach leis an eagraíocht an ról agus na freagrachtaí atá acu agus chun go mbeidís freagrach astu.

Beidh 2020 ar an gcéad bhliain iomlán a bheidh ag Bord BOO Chiarraí, a bunaíodh i bhfómhar na bliana 2019. Fáiltímid freisin roimh Choiste nua Iniúchóireachta & Riosca mar aon le Coiste nua Airgeadais. In 2020, oibreoimid leis na baill úra seo chun tacú le tuiscint chomhsheasmhach, thrédhearcach agus chomhroinnte ar a bhfuil i gceist ag BOO Chiarraí a bhaint amach. Oibreoimid freisin le Seirbhísí Comhroinnte Gnó don Oideachas (SCRGO) chun Seirbhísí Comhroinnte Párolla a chur i bhfeidhm in BOO Chiarraí.

Déantar na seirbhísí tacaíochta a sholáthraítear faoin gcolún Tacaíochta & Forbartha Eagraíochta a struchtúrú faoi chúig réimse feidhme ar leith; Cúrsaí Airgeadais, TFC, Acmhainní Daonna, Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (SBOaO) agus Tacaíocht Chorparáideach agus Forbairt Caipitil (TC&FC). Baineann sainchúram leathan le gach ceann de na réimsí seo maidir leis na feidhmeanna riachtanacha riaracháin a chomhlíonadh agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis an réimse leathan treoirlínte, rialacha agus reachtaíochta atá i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí na heagraíochta.

In 2020, leanfaimid orainn ag obair chun a chinntiú go soláthraítear na tacaí riaracháin seo de réir luachanna, spriocanna, chuspóirí agus rialacha na heagraíochta. Mar seo a leanas a aithníodh tosaíochtaí ar fud gach Rannóige do 2020:

## An Rannóg Airgeadais

Is é cuspóir na feidhme Airgeadais tacú leis an mBord na cuspóirí a leagtar amach sa Litir Chinnidh ón Roinn Oideachais agus Scileanna, sa litir leithdháilte ó SOLAS agus i bhfoinsí eile, a bhaint amach agus cloí leis an mbuiséad. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna is mó a dhéanann maoiniú ar BOO Chiarraí dá sholáthar Bunscoile agus Iar-Bhunscoile agus is iad SOLAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna is mó a dhéanann maoiniú ar na Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna.

Is príomhléiriú ar chuntasacht phoiblí do BOO Chiarraí é foilsiú na ráiteas airgeadais. Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as cuntais an BOO a choinneáil agus na ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú. Ní mór do na ráitis airgeadais cloí leis an reachtaíocht, le haon pholasaithe cuntasaíochta a chuireann an tAire Oideachais agus Scileanna i bhfeidhm agus le haon treoirlínte ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Ní mór do BOO Chiarraí na ráitis airgeadais a chur ar aghaidh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 1 Aibreán 2020. D'fhéadfadh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AIIM-BOO) iniúchadh a dhéanamh ar BOO Chiarraí freisin.

I measc phríomhfheidhmeanna na Rannóige Airgeadais tá Bainistíocht Iniúchóireachta, Soláthar, Bainistíocht Sócmhainní Seasta, Creidiúnaithe, Anailís Caiteachais, Bainistíocht Cistíochta agus Próiseáil Párolla.

## Tosaíochtaí 2020 don Rannóg Airgeadais de réir Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

*Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar ár n-acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh agus foghlama eagraíochta a chur chun cinn chun go mbeidh muinín ag gach páirtí leasmhar as cáilíocht agus ábharthacht ár gcuid clár agus cúrsaí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú. | • Tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Ceannaithe TFC. | 2020 |

**Goal 6: Stakeholder Engagement**

***Focus:*** *Communicating with learners, staff, employers, partners, the community and other agencies and education providers to enhance the quality, focus and relevance of our services.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa bhealach a ndéanaimid daoine a bhainistiú. | • A bheith gníomhach i bPlean agus i bPolasaí FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir deiseanna FGL.<br>• A bheith gníomhach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne an BOO do 2020. | 2020 |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht**

*Fócas: A chinntiú go bhfaigheann ár spriocanna straitéiseacha tacaíocht éifeachtach ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na caighdeáin is airde ó thaobh cuntasachta, comhlíonta agus trédhearcachta de.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Cumarsáid inmheánach reatha a athbhreithniú agus straitéis chomhleanúnach cumarsáide inmheánaí a fhorbairt agus a bheachtú lena gcuirfear ár spriocanna straitéiseacha in iúl, lena soiléireofar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagraíochta ar gach leibhéal agus lena dtabharfar aird ar phróisis chinnteoireachta | • An córas reatha rialaithe inmheánaigh a athfhorbairt agus a bheachtú de réir Imlitir 0002/2019 agus riachtanais earnála atá ag athrú.<br>• Pleananna gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh a fhorbairt do gach rannóg/scoil/ionad/campas/colún agus iad a úsáid mar dhoiciméid oibre i gcaitheamh na bliana.<br>• Oiliúint ar an gcóras rialaithe inmheánaigh a sholáthar de réir mar a dhéanfar é a fhorbairt, d'fhonn a chinntiú go dtuigeann na daoine atá páirteach ann an ról agus na freagrachtaí atá acu agus go mbíonn siad freagrach astu. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 2. Struchtúir agus próisis a athbhreithniú agus a fheabhsú chun cur lena éifeachtaí atá an eagraíocht agus leis an mbealach a ndéanaimid cumarsáid le gach páirtí leasmhar. | • Creat tuarascálacha bainistíochta, a bhaineann le comhlíontacht airgeadais, a fhorbairt d'fhonn feasacht a ardú agus comhlíontacht a fheabhsú. | Q3 |
| | • Tacú le bunú Lár-Aonad Soláthair do BOO Chiarraí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha i bhfianaise riachtanais earnála atá ag athrú agus i bhfianaise Chód Cleachtais Imlitir 0002/2019 do Rialachas BOOanna. | 2020 |
| 6. Ár gcórais faisnéise bainistíochta a fheabhsú chun go soláthrófar leo sonraí atá ábhartha, cruinn agus cothrom le dáta ar fud na heagraíochta, ar mhaithe le feabhas a chur ar phleanáil agus ar sholáthar seirbhíse agus ar mhaithe lenár straitéis a chomhlánú. | • Córas Rialaithe Dáilte a bheith go hiomlán i bhfeidhm roimh Sheirbhísí Comhroinnte Párolla.<br>• Lámhleabhair maidir le Cleachtas Caighdeánach Oibriúcháin a fhorbairt d'Fhoirne Párolla chun cur lena gcumas ag gach leibhéal agus chun tacú le pleanáil dul chun cinn.<br>• Úsáid a bhaint as an anailís caiteachais do 2019 chun Plean nua Soláthair Chorparáidigh a fhorbairt do 2020-21.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar úsáid Córas Dhinimiciúla Ceannaithe le cinntiú go gcloítear le rialacha soláthair. | Q2 |
| | • Tionscadal Párolla SCRGO – Leanúint ar aghaidh le hobair ullmhúcháin chun an t-aistriú go Seirbhísí Comhroinnte párolla a chur i gcrích.<br>• Creat tuairiscithe a fhorbairt maidir le comhlíontacht airgeadais chun feasacht a ardú agus feidhmíocht a fheabhsú. | Q3 |
| | • Tacú le bunú láraonad soláthair do BOO Chiarraí.<br>• Leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh de bharr rialachais earnála atá ag athrú agus an Chóid Chleachtais do Rialachas BOOanna (Imlitir 0002/2019).<br>• An próiseas athbhreithnithe d'anailís caiteachais de réir catagóire caiteachais a chur i bhfeidhm.<br>• Leanúint ar aghaidh ag cur oiliúint ar fáil maidir le riachtanais soláthar agus ar ardú feasachta fúthu.<br>• Leanúint ar aghaidh ag forbairt polasaithe agus próiseas maidir le riarachán airgeadas na heagraíochta. | 2020 |
| 8. Cultúr foghlama leanúnaí agus cleachtais athmhachnamhaigh a chur chun cinn. | • Athbhreithnithe rialaithe inmheánaigh agus na tuarascálacha bainistíochta a eascraíonn astu a úsáid chun cleachtais laethúla a mheas go criticiúil agus a fheabhsú agus chun tógáil ar an acmhainneacht ag gach leibhéal. | 2020 |

## An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Cuireann an Rannóg TFC forbairt bonneagair agus tacaíocht theicniúil ar fáil do Cheannoifig BOO Chiarraí agus déanann sé an conradh tacaíochta teicniúla do scoileanna BOO Chiarraí agus d'Ionaid BOaO a bhainistiú.

Cuireann an Rannóg tacaíocht ar fáil freisin do na nithe seo a leanas:

- Córais Faisnéise Bainistíochta BOO Chiarraí leis na cuideachtaí tacaíochta ceaptha.
- Réiteach Microsoft Office 365 a fhorbairt agus a chothabháil don eagraíocht ar fad, lena n-áirítear suíomh SharePoint do na polasaithe eagraíochtúla ar fad.
- Réiteach eile a chothabháil do ríomhphost Acmhainní Daonna.
- Gach trealamh TFC don scéim ar fad a cheannach; chinnteodh sé seo barainneachtaí scála agus an luach is fearr don airgead.
- Lárbhonneagar cumarsáide móibílí a bhainistiú.
- Suíomh gréasáin lárnach BOO Chiarraí a bhainistiú.

## Tosaíochtaí 2020 don Rannóg TFC de réir Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

*Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar ár n-acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh agus foghlama eagraíochta a chur chun cinn chun go mbeidh muinín ag gach páirtí leasmhar as cáilíocht agus ábharthacht ár gcuid clár agus cúrsaí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú. | • Tacú le cur i bhfeidhm agus dréachtú Straitéis TFC BOO Chiarraí 2019-2022.<br>• Tacú le cur i bhfeidhm na Scéime Ceannaithe Gléasanna do Mhúinteoirí iar-bhunscoile. Cuirfear an scéim seo i bhfeidhm thar thréimhse trí bliana.<br>• Anailís a dhéanamh ar chaiteachas TFC agus ar chaiteachas eile a bhaineann leis i gcomhar le Rannóg Airgeadais BOO Chiarraí don scéim iomlán le cinntiú go gcloítear le rialacha soláthair. | 2020 |
| 9. A chinntiú go bhfuil gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí in ann foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus nua-aimseartha. | • Tacú le cothabháil crua-earraí TFC agus earraí ar fud na scéime.<br>• Leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar nósanna imeachta eagraíochtúla chun slándáil na gcóras TFC a chinntiú. | 2020 |

**Sprioc 6: Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, díriú agus ábharthacht ár seirbhísí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa bhealach a ndéanaimid daoine a bhainistiú. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus i bPróiseas FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir deiseanna FGL.<br>• Plean ceannaithe TFC a fhorbairt do 2020 ach oibriú leis an mBainisteoir Sinsearach chun ceannach cuí agus comhlíontacht le hImlitir 0002/2016 a chinntiú. | 2020 |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht**

*Fócas: A chinntiú go bhfaigheann ár spriocanna straitéiseacha tacaíocht éifeachtach ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na caighdeáin is airde ó thaobh cuntasachta, comhlíonta agus trédhearcachta de.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Cumarsáid inmheánach reatha a athbhreithniú agus straitéis chomhleanúnach cumarsáide inmheánaí a fhorbairt agus a bheachtú lena gcuirfear ár spriocanna straitéiseacha in iúl, lena soiléireofar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagraíochta ar gach leibhéal agus lena dtabharfar aird ar phróisis chinnteoireachta. | • Athdhearadh a dhéanamh ar SharePoint inmheánach reatha BOO Chiarraí chun cumarsáid agus scaipeadh polasaithe, nósanna imeachta etc. ar fud na scéime a fheabhsú.<br>• Bunachar sonraí na Ceannoifige – Bunachar Ról agus Freagrachta a uaslódáil chuig SharePoint inmheánach BOO Chiarraí. Chruthaigh an tAonad Tacaíochta Feidhmiúcháin an cháipéis seo agus oibreoidh sé chun cumarsáid idir Foireann na Ceannoifige agus scoileanna, ionaid agus campais BOO Chiarraí a fheabhsú. | Q2 |
| | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Feabhsúcháin do chumarsáid inmheánach. | 2020 |
| 8. Develop our leadership, management and supervisory capabilities and competencies to realise our strategic goals. | • Leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú agus tuilleadh forbartha ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta. | 2020 |

**Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**

*Fócas: Ár seirbhísí a mhargú, ár mbranda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir ar bhealach éifeachtach.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 2. Feidhm thiomnaithe cumarsáide a bhunú laistigh de BOO Chiarraí chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú. | • SharePoint inmheánach reatha BOO Chiarraí a athdhearadh chun cumarsáid agus scaipeadh polasaithe, nósanna imeachta etc. ar fud na scéime a fheabhsú.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Feabhsúcháin do chumarsáid inmheánach. | 2020 |
| 5. Straitéis a fhorbairt le haghaidh úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn. | • Polasaí agus Nós Imeachta Meán Sóisialta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Q2 |
| 9. An cur chuige foriomlán cumarsáide inmheánaí agus seachtraí a fheabhsú. | • Tacú le cothabháil shuíomh gréasáin BOO Chiarraí.<br>• Bunachar sonraí na Ceannoifige – Bunachar Ról agus Freagrachta a uaslódáil chuig SharePoint inmheánach BOO Chiarraí. Chruthaigh an tAonad Tacaíochta Feidhmiúcháin an cháipéis seo agus oibreoidh sé chun cumarsáid idir Foireann na Ceannoifige agus scoileanna, ionaid agus campais BOO Chiarraí a fheabhsú.<br>• SharePoint inmheánach reatha BOO Chiarraí a athdhearadh chun cumarsáid agus scaipeadh polasaithe, nósanna imeachta etc. ar fud na scéime a fheabhsú.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Feabhsúcháin do chumarsáid inmheánach. | 2020 |

| **Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**<br>***Focus:*** *Continually develop and enhance the training and development opportunities and facilities available to staff, and improve the environment in which staff work and learners learn.* | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid)** | **Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse** | **Sprioc** |
| 8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu. | • Plean maoirseachta buiséid TFC a fhorbairt do 2020 de réir na spriocanna straitéiseacha uileghabhálacha ar fud na trí cholún.<br>• Straitéis Ceannaithe TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br>• Próifílí Scoile agus BOaO a nuashonrú chun bonneagar agus suiteálacha scoile/ionaid a léiriú.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir na Líonraí TFC sna Scoileanna agus sna hIonaid ar fad.<br>• Tacú le pleanáil agus le cur i bhfeidhm an Líonra Achair Fhairsing.<br>• Soláthar conartha tacaíochta teicniúla aonair a lárú do shuíomhanna uile BOO Chiarraí.<br>• Doiciméad tairisceana a ullmhú chun tacú leis an gconradh tacaíochta teicniúla aonair. | 2020 |

## An Rannóg Seirbhísí Breisoideachais & Oiliúna (SBOaO)

Is í feidhm SBOaO tacú leis an Stiúrthóir Tacaíochta & Forbartha Eagraíochta agus leis an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna chun a chinntiú go ndéantar riarachán feidhmeanna agus acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus de réir riachtanais an Chóid Rialachais.

Tacaíonn foireann riaracháin SBOaO leis an Stiúrthóir BOaO chun a chinntiú go gcloítear leis an "gComhaontú Maoinithe" agus go soláthraítear seirbhísí mar a leagtar amach i ndáileadh bliantúil maoinithe na Litreach Faofa Deontais ó SOLAS. Tacaíonn an Rannóg SBOaO leis an Stiúrthóir BOaO chun an Tairiscint Maoinithe Breisoideachais & Maoinithe (FAR 4), athbhreithnithe lár na bliana agus mhí Dheireadh Fómhair agus Cuntais Dheireadh na Bliana a ullmhú de réir Dhoiciméad Paraiméadair Pleanála agus Maoinithe uileghabhálach SOLAS. Déanann Foireann na Rannóige monatóireacht ar stádas buiséadach na nIonad BOaO lena chinntiú go ndéantar na coinníollacha maoinithe ábhartha a chomhlíonadh.

Tacaíonn SBOaO le Stiúrthóir T&FE maidir le cur i bhfeidhm athchóirithe eagraíochtúil chomh maith le cur i bhfeidhm córais nua teicneolaíochta faisnéis chun teacht in áit na bpróiseas láimhe a bhí i bhfeidhm go dtí sin. Tacaíonn an Rannóg leis an Stiúrthóir T&FE maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm córais agus nósanna imeachta láidre rialachais chorparáidigh de réir an Chóid Chleachtais d'Imlitir 0002/2019 BOO Chiarraí.

Soláthraíonn SBOaO tacaíocht riaracháin do na Cláir Bhreisoideachais (SDOG, Ógtheagmháil, Bunoideachas d'Aosaigh, an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas agus Oideachas Pobail) d'fhonn a chinntiú go gcloítear le Treoirlínte Cláir na Roinne Oideachais agus Scileanna lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar uaireanta teagaisc clár. Déantar íocaíochtaí seachtainiúla a phróiseáil d'fhoghlaimeoirí SDOG & Ógtheagmhála mar aon leis na híocaíochtaí seachtainiúla a íoctar le hOiliúnóirí ar Conradh don Ionad Oiliúna.

## Tosaíochtaí 2020 don Rannóg SBOaO de réir Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt**

*Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana le comhlachtaí ábhartha ar leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an leas is mó a bhaint as ár gcumas chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus oibre don óige i gCiarraí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 2. Leanúint le hobair i ndlúth-chomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le DCCE agus le BOO Éireann. | • Comhad Iniúchóireachta CSTE BOO Chiarraí agus Tuairisceáin Airgeadais a ullmhú do na cláir chómhaoinithe seo a leanas de chuid CSTE do 2019:<br>» An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas<br>» Bunoideachas d'Aosaigh<br>» Ógtheagmháil | 2020 |
| 4. Leanúint leis na próisis chomhpháirtíochta, na prótacail chomhpháirtíochta agus na nósanna imeachta comhpháirtíochta atá ar bun againn a athbhreithniú agus a leasú nuair is cuí. | • A chinntiú go bhfuil CALSanna i gcomhad, sa Rannóg BOaO agus cóip díobh in oifig an PF, chun tacú le híocaíochtaí le tríú páirtithe.<br>• A chinntiú go ndéantar monatóireacht agus nuashonrú ar CALSanna reatha.<br>• A chinntiú go gcuirtear socruithe i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais monatóireachta agus tuairiscithe de réir Imlitir 0013/2014. | 2020 |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht**

*Fócas: A chinntiú go bhfaigheann ár spriocanna straitéiseacha tacaíocht éifeachtach ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na caighdeáin is airde ó thaobh cuntasachta, comhlíonta agus trédhearcachta de.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Cumarsáid inmheánach reatha a athbhreithniú agus straitéis chomhleanúnach cumarsáide inmheánaí a fhorbairt agus a bheachtú lena gcuirfear ár spriocanna straitéiseacha in iúl, lena soiléireofar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagraíochta ar gach leibhéal agus lena dtabharfar aird ar phróisis chinnteoireachta. | • Lámhleabhair maidir le Nósanna Imeachta na Rannóige BOaO a fhoilsiú chun na róil agus na freagrachtaí ag gach leibhéal do na cláir seo a leanas a shoiléiriú:<br>» An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas<br>» Oideachas Pobail<br>» Ógtheagmháil | Q3 |
| | • Sreabhchairteacha Cláir a fhorbairt do chláir pháirtaimseartha le tacaíocht na Lámhleabhar Nósanna Imeachta.<br>• Na Lámhleabhair Nósanna Imeachta agus na Sreabhchairteacha Cláir a uaslódáil chuig SharePoint inmheánach BOO Chiarraí. Cuirfear an t-eolas seo in iúl don fhoireann agus cinnteoidh sé go mbeidh róil agus freagrachtaí, struchtúir etc. soiléir. | Q4 |
| 2. Struchtúir agus próisis a athbhreithniú agus a fheabhsú chun cur lena éifeachtaí atá an eagraíocht agus leis an mbealach a ndéanaimid cumarsáid le gach páirtí leasmhar. | • Foirmeacha BOaO a chaighdeánú ar fud na gclár páirtaimseartha lena n-áirítear:<br>» Foirm Formheasta Réamhchúrsa (BOaO CA1)<br>» Foirm Coigeartaithe Cúrsa (BOaO CA2)<br>» Faomhadh Teagascóra/Cúrsa ar Chonradh Tréimhse Éiginnte (CTE) d'Uaireanta Breise CTE/Lánaimseartha (Foirm CTE1 BOaO)<br>» Litir Tairisceana Uaireanta Teagaisc (LT2 BOaO)<br>» Litir Glactha Uaireanta Teagaisc/Diúltaithe Uaireanta Teagaisc (Foirm LO3 BOaO & Foirm LO4 BOaO)<br>• Cuirfear na foirmeacha ar fad ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. | 2020 |

| Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid<br>*Fócas: Ár seirbhísí a mhargú, ár mbranda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí go léir ar bhealach éifeachtach.* | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid)** | **Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse** | **Sprioc** |
| 1. Gach straitéis agus sásra cumarsáide agus caidrimh phoiblí atá i bhfeidhm ag BOO Chiarraí faoi láthair a iniúchadh agus a athbhreithniú. | • A chinntiú go ndéanfar an Ráiteas Poiblíochta (Foirm Ghníomhaireacht Clár an Aontais Eorpaigh (GCAE) a chur i bhfeidhm do rannpháirtithe uile chlár an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas. Tugann Foirm GCAE le fios do rannpháirtithe an chúrsa gur clár cómhaoinithe de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa é an cúrsa a bhfuil siad ag glacadh páirte ann.<br>• A chinntiú go gcuirtear gach foirm GCAE a svníodh agus cláir ranga ar ais chuig an Rannóg BOaO lena gcoinneáil.<br>• Foirm Iarratais leasaithe Ógtheagmhála a chur i bhfeidhm. Tugann an fhoirm athbhreithnithe deis don rannpháirtí deimhniú a shíniú gur cuireadh ar an eolas é/í faoi thacaíocht Chiste Sóisialta na hEorpa don chlár.<br>• Cláir inmheánacha le bunú i Rannóg BOaO chun taifid a choinneáil dá réir. | 2020 |

## An Rannóg Acmhainní Daonna

I measc phríomhfheidhmeanna na Rannóige Acmhainní Daonna tá Earcú agus Roghnú, Riarachán Pá, Aoisliúntas, Seirbhísí Fostaíochta, Pleanáil Acmhainní, Bainistíocht Tinrimh. Fostaíonn BOO Chiarraí thart ar 1,100 duine. Tá na baill foirne seo fostaithe in áiteanna ar fud an Chontae (thart ar 36 ionad BOO Chiarraí, breis agus 100 ionad eile agus i gcomhar le heagraíochtaí eile freisin). Tá baill foirne fostaithe thar 33 catagóir fostaíochta (14 ar an bpárolla míosúil agus 19 ar an bpárolla coicísiúil. Íoctar baill foirne ar 61 scála pá éagsúla agus iliomad Téarmaí agus Coinníollacha ag baint leo.

## Tosaíochtaí 2020 don Rannóg Acmhainní Daonna de réir Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| Sprioc 3: Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna<br>*Fócas: Réitigh agus freagairtí atá nuálach agus cruthaitheach a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais foghlama agus forbartha a bhíonn ag daoine óga agus aosaigh i sochaí a bhíonn ag athrú.* | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid)** | **Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse** | **Sprioc** |
| 1. Freagairt go leanúnach d'athruithe ar an déimeagrafaic i gCiarraí agus ár soláthar seirbhíse a phleanáil dá réir sin, nuair is féidir. | • A chinntiú go n-úsáidtear nósanna imeachta earcaíochta acmhainní daonna go héifeachtach chun tacú le tionscnaimh reatha agus úra. | 2020 |

**Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt**

*Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana le comhlachtaí ábhartha ar leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an leas is mó a bhaint as ár gcumas chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus oibre don aos óg i gCiarraí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 3. Leanúint le hobair i ndlúth-chomhpháirt le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraímid. | • Comhfhóram Comhairleach leis na Ceardchumainn ábhartha: Cumann Múinteoirí Éireann, Fórsa na gCúntóirí Riachtanais Speisialta, Riarachán Fhórsa, an Ceardchumann Seirbhísí Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (CSTGT), Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire.<br>• Dul i gcomhairle le Ceardchumainn maidir le polasaithe agus nósanna imeachta ábhartha. | 2020 |

**Sprioc 6: Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, díriú agus ábharthacht ár seirbhísí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa dóigh a mbainistímid daoine. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus i bPolasaí FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir deiseanna FGL.<br>• A bheith gníomhach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne an BOO 2020. | 2020 |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Suntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht**

*Fócas: A chinntiú go bhfaigheann ár spriocanna straitéiseacha tacaíocht éifeachtach ónár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin chun a chinntiú go gcomhlíonfar na caighdeáin is airde ó thaobh cuntasachta, comhlíonta agus trédhearcachta de.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 1. Creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach ar fud na heagraíochta. | • Leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach. | 2020 |
| 3. Ár gcleachtais agus ár mbeartais reatha acmhainní daonna a athbhreithniú agus a fheabhsú chun freastal ar na riachtanais straitéiseacha atá ag BOO Chiarraí. | • Córas tiomnaithe ríomhchomhdaithe don Rannóg Acmhainní Daonna a thabhairt isteach.<br>• Leanúint ar aghaidh ag cur conarthaí leictreonacha agus córas éileamh ar líne i bhfeidhm do bhaill foirne pháirtaimseartha ar fud na scéime.<br>• Leanúint leis na hullmhúcháin chun Seirbhísí Comhroinnte Párolla SCRGO a chur i bhfeidhm.<br>• Leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú agus tuilleadh forbartha ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta.<br>• Meabhrúcháin fhoirmiúla bhliantúla a thabhairt isteach do bhaill foirne maidir leis an gCód Cleachtais. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 4. Ár bhféidearthachtaí agus ár gcumas ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • A bheith gníomhach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne an BOO.<br>• Próiseas reatha Ionduchtaithe na Bainistíochta Líne Acmhainní Daonna a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne an BOO 2020.<br>• Oiliúint inmheánach agallaimh a reáchtáil do bhaill Bhord BOO a bhfuil áit acu ar phainéil agallaimh.<br>• Leanúint ar aghaidh ag reáchtáil ionduchtaithe do bhaill foirne nua. | 2020 |
| 5. Ár n-acmhainn pleanála acmhainní agus ár n-acmhainn bainistíochta oibríochtúla a fheabhsú ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfimid leas as oiliúint agus as FGL agus cuirfimid struchtúir eagraíochta níos cuí i bhfeidhm chun déanamh amhlaidh. | • De réir an leithdháilte bhliantúil, athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar struchtúir foirne atá ann cheana agus súil le cur leis an acmhainn oibríochtúil a bhaineann le gach colún. | 2020 |
| 7. Leanúint le hinniúlacht ár mBoird agus na gcoistí gaolmhara a fhorbairt maidir le comhlíonadh agus rialachas straitéiseach. | • A chinntiú go bhfuair gach ball de Bhord an BOO agus de Choistí Alt 44 agus Alt 45, go bhfuair siad cóip den Chód Cleachtais. | 2020 |
| 8. Cultúr foghlama leanúnaí agus cleachtais athmhachnamhaigh a chur chun cinn. | • Leanúint ag tacú le hidirghabhálacha neamhfhoirmiúla tacaíochta foirne, i.e. pobail leasa, comhráite ad hoc agus naisc láidre idir an bhainistíocht agus fostaithe etc.<br>• Leanúint ar aghaidh ag úsáid athbhreithnithe rialaithe inmheánaigh agus na dtuarascálacha bainistíochta a eascraíonn astu chun measúnú criticiúil a dhéanamh ar chleachtais laethúla agus chun iad a fheabhsú. | 2020 |

**Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**

*Fócas: Na deiseanna oiliúna agus forbartha agus na háiseanna atá ar fáil do bhaill foirne a fhorbairt agus a bhreisiú ar bhonn leanúnach agus feabhas a chur ar an timpeallacht ina n-oibríonn baill foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 2. Athbhreithniú eagraíochta a sheoladh ina ndíreofar ar bheartais, ar struchtúir agus ar róil chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis oideachais agus oiliúna BOO Chiarraí. | • Athbhreithniú tuairiscithe agus cumarsáide a dhéanamh ar an mBainistíocht Shinsearach.<br>• Polasaithe reatha atá i bhfeidhm ar fud na scéime a chomhdhlúthú agus a athbhreithniú.<br>• Próiseas a chur i bhfeidhm d'fhorbairt agus d'fhaomhadh polasaithe.<br>• Maitrís an Údaráis a thabhairt chun críche; Doiciméad Róil agus Freagrachtaí.<br>• Oiliúint maidir le Maitrís an Údaráis a éascú don Bhainistíocht Líne. | 2020 |
| 3. Leanúint le cláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a sholáthar chun freastal ar na riachtanais a shainaithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta feidhmíochta. | • A bheith gníomhach i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm Phlean Inseirbhíse Bhainistíocht Líne an BOO. | 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| 4. Leanúint le tacaíocht a thabhairt don scéim folláine foirne agus do dheiseanna forbartha gairme agus aistrithe poist. | • Leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo Plean Gníomhaíochta Folláine a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí den fholláine foirne nár mhór díriú orthu faoi gach colún. Déanfar an obair seo i gcomhar le Coistí um Fholláine san Ionad Oibre.<br>• An t-eolas ó Shuirbhéanna Oibriú go Dearfach 2019 a úsáid agus athruithe a chur i bhfeidhm nuair a mholtar é.<br>• Tacaí Leasa Foirne BOO Chiarraí a chur chun cinn go leanúnach. | 2020 |
| 5. Leanúint le cláir agus raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun meabhairshláinte dhearfach a chothú i measc mic léinn, foghlaimeoirí agus baill foirne. | • Leanúint ar aghaidh ag cur an Mol Tacaíochta Spreagtha chun cinn.<br>• Leanúint ar aghaidh ag scaipeadh Clár Folláine ar na baill foirne chun tacú leis an bhfolláine.<br>• Leanúint ar aghaidh ag cur leis an Rannóg Folláine ar SharePoint inmheánach BOO Chiarraí agus á cur chun cinn. | 2020 |
| 7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus i bPolasaí FGL BOO Chiarraí ar an iomlán.<br>• Tacaíocht faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir deiseanna FGL. | 2020 |

## Tacaíocht Chorparáideach & Forbairt Caipitil (TC&FC)

Is iad príomhréimsí freagrachta na Rannóige Tacaíochta Corparáidí & Forbartha Caipitil maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar Tionscadail Caipitil; Comhlíonadh Reachtaíochta lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), Cosaint Sonraí, Saoirse Faisnéise, Nochtadh Cosanta; Maoirseacht ar Shláinte & Sábháilteacht; Riarachán Árachais agus Tacaíocht Riaracháin do Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus do Choiste Airgeadais BOO Chiarraí.

Ceann de phríomhspriocanna na Rannóige is ea a chinntiú, de réir mar a cheadaíonn ár n-acmhainní, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do riachtanais na seirbhíse áirithe a chuirtear ar fáil agus go gcomhlíonann sé na riachtanais sin, agus go ndéanann an BOO úsáid áiseanna a bharrfheabhsú. Príomhsprioc eile is ea a chinntiú go gcloíonn BOO Chiarraí leis na réimsí reachtaíochta thuasluaite ar cuireadh síos orthu.

## Tosaíochtaí 2020 don Rannóg Tacaíochta Corparáidí agus Forbartha Caipitil de réir Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

*Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar ár n-acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh agus foghlama eagraíochta a chur chun cinn chun go mbeidh muinín ag gach páirtí leasmhar as cáilíocht agus ábharthacht ár gcuid clár agus cúrsaí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 9. A chinntiú go bhfuil gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí in ann foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus nua-aimseartha. | • Tacaíocht agus comhairle Sláinte agus Sábháilte a chur ar fáil do BOO Chiarraí.<br>• Dul chun cinn le déanamh i gcás na mórthionscadal tógála seo:<br>» Foirgneamh Scoile an Ghaelcholáiste Nua<br>» Lóistín Scoil Lios Tuathail | 2020 |

**Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt**

*Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana le comhlachtaí ábhartha ar leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an leas is mó a bhaint as ár gcumas chun freastal ar riachtanais oideachais, oiliúna agus oibre don aos óg i gCiarraí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 2. Leanúint le hobair i ndlúth-chomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le DCCE agus le BOO Éireann. | • Dul chun cinn le déanamh ar na Tionscadail Tógála déabhlóidithe seo ón Roinn Oideachais agus Scileanna:<br>» Scoil Náisiúnta Lios Teilice<br>» Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar, Cill Airn<br>• Caidrimh mhaithe oibre a choinneáil le pearsanra na Roinne Oideachais agus Scileanna. | 2020 |

**Sprioc 6: Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, díriú agus ábharthacht ár seirbhísí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 3. Leanúint le meicníochtaí comhairliúcháin shaincheaptha agus chuimsithigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme lenár bpáirtithe leasmhara uile. | • Ionadaí a ainmniú do Bhord Killorglin Sports and Leisure Company Limited by Guarantee.<br>• Nithe nár críochnaíodh san am atá caite maidir le bainistíocht eastáit agus tionscadail chaipitil a thabhairt chun críche. | Q1 |
| | • Leanúint ar aghaidh ag obair le IPB Insurance chun barr feabhais a chur ar éifeachtúlacht maidir le próiseáil éileamh etc. | 2020 |
| 8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa bhealach a ndéanaimid daoine a bhainistiú. | • Páirt ghníomhach a ghlacadh i bPlean agus i bPolasaí FGL BOO Chiarraí.<br>• Tacaíocht Faisnéise a thairiscint do bhaill foirne de réir deiseanna FGL. | 2020 |

**Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**

*Sprioc: Na deiseanna oiliúna agus forbartha agus na háiseanna atá ar fáil do bhaill foirne a fhorbairt agus a bhreisiú ar bhonn leanúnach agus feabhas a chur ar an timpeallacht ina n-oibríonn baill foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.*

| Gníomhaíochtaí Straitéiseacha (an méid a dhéanfaimid) | Tosaíochtaí 2020/ Plean Seirbhíse | Sprioc |
|---|---|---|
| 6. Úsáid ár n-áiseanna a uasmhéadú agus a fheabhsú agus tabhairt faoi iniúchtaí rialta sláinte agus sábháilteachta chun cáilíocht na dtimpeallachtaí oibre agus foghlama a mhéadú a mhéid is féidir. | • A chinntiú go dtugtar air ar oibleagáidí Sláinte agus Sábháilteachta agus go gcloítear leo.<br>• Mapáil Sonraí a chur i gcríoch do na scoileanna ar fad (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna).<br>• Mapáil Sonraí a chur i gcríoch d'Ionaid BOaO.<br>• Mapáil Sonraí a chur i gcríoch do gach feidhm de chuid na Ceannoifige.<br>• Riarachán na gComhaontuithe Cosanta Sonraí ar fad (Airteagail 26&28).<br>• Feasacht ar Chosaint Sonraí a ardú ar fud na scéime ach oiliúint agus cumarsáid thréimhsiúil a chur ar fáil.<br>• Polasaí an Iarratais Rochtana ar Ábhar Sonraí (IRÁS) a chur i bhfeidhm ar fud na scéime agus feasacht a ardú mar gheall air.<br>• A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus próisis leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le sárú ar shonraí agus go ndéantar tuairisc orthu nuair is gá.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar Phríomhpholasaithe Cosanta Sonraí agus cur leo de réir mar is cuí.<br>• Polasaithe agus nótaí treorach a fhorbairt maidir le Cosaint Sonraí. | 2020 |
| 8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu. | • A chinntiú go dtéann Gaelcholáiste Nua Chiarraí ar aghaidh go dtí an chéim tógála.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar phunann na dtionscadal reatha agus an ghníomhaíocht agus an iarracht a theastaíonn go fóill a mheas.<br>• Tionscadail reatha agus tionscadail tógála a bhainistiú go gcuirfear i gcrích iad.<br>• Tionscadail nua a bhunú do 2020/2021 agus pleananna, garspriocanna tábhachtacha a mheas etc.<br>• A chinntiú go bhfuil clár na bhFóiliónna Maoine cothrom le dáta agus go gcomhlíonann sé riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna agus an Údaráis Clárúcháin Maoine.<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chill Airne a fhorbairt chun feabhas a chur ar thimpeallacht oibre agus teagaisc na mball foirne agus na bhfoghlaimeoirí atá ann faoi láthair agus chun cur le cumas soláthair na heagraíochta sa cheantar. | 2020 |
| 9. Tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitil/ tógála lena dtacófar le Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a chomhtháthú tuilleadh. | • Tionscadail Champas Theas Bhloc E agus Shráid Deiní a chur i gcrích. | Q2 |
| | • Leanúint ar aghaidh ag déanamh Iniúchtaí, Forbairt Polasaithe & Nósanna Imeachta agus Oiliúint a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | 2020 |

# Foscríbhinn I: Gluais Téarmaí

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| BOA | Bunoideachas d'Aosaigh |
| OOA | Oifigeach Oideachais d'Aosaigh |
| BB | Bord Bainistíochta |
| TFO | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| CP | Coláiste Pobail |
| CELTA | Teastas i Múineadh an Bhéarla d'Aosaigh |
| PF | Príomhfheidhmeannach |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| SC | Scoil Chuimsitheach |
| PSN | Pobalscoil Náisiúnta |
| TC&FC | Tacaíocht Chorparáideach & Forbairt Caipitil |
| IOP | Ionad Oiliúna Pobail (Trá Lí) |
| CSLDO | Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine ÓgA |
| RLGÓ | An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| RCPAC | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| FSSF | Forbairt Scoileanna Saibhriú Foghlama |
| FDS | Fíordheimhniú Seachtrach |
| CSF | Ciste Sóisialta na hEorpa |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BOO Éireann | Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| GCAE | Gníomhaireacht Clár an Aontais Eorpaigh |
| CITLDM | Córas Iarratais agus Tuairiscithe Leithdháilte Maoinithe/SOLAS |
| BOaO | Breisoideachas & Oiliúint |
| SBOaO | Seirbhísí Breisoideachais & Oiliúna |
| MCBOaO | Mol Cúrsaí Breisoideachais & Oiliúna |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| AD | Acmhainní Daonna |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| CITTB | An Córas Idirnáisiúnta um Thástáil Teanga Béarla |
| COÓÉ | Cumann Oifigeach Óige Éireann |
| STFCA | Seirbhísí Treorach agus Treorach Chiarraí d'Aosaigh |
| CCC | Comhairle Contae Chiarraí |
| CAaSC | Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí |
| CFPA | Coistí Forbartha Pobail Áitiúla |
| CPAOC | Comhpháirtíocht Áitiúil don Óige Chruthaitheach |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| INOOA | An tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Allamuigh |
| CNC | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| CNT | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí |
| CCCN | An Creat um na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta (d'Obair don Óige) |
| T&FE | Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta |
| CASF | Comhaontú Seachadta Feidhmíochta |
| FTFG | Foireann Tacaíochta Forbartha Gairmiúla |
| IAT | Iar-Ardteistiméireacht |
| CTFC | An Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir |
| UCM | An tÚdarás Clárúcháin Maoine |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| DCCE | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| TFM | Tuarascáil Féinmheastóireachta |
| COSS | An Clár Oideachais Shóisialta agus Sláinte |
| PFS | Plean Feabhsúcháin Scoile |
| CALS | Comhaontú Leibhéil Seirbhíse |
| CRS | Cúntóir Riachtanais Speisialta |
| FMS | Féinmheastóireacht Scoile |
| FTMC | Foireann Tacaíochta Mac Léinn |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| AMÉ | Aontas Múinteoirí Éireann |
| SMSDÓ | An Scéim Maoinithe Spriocdhírithe don Óige |
| RA | An Ríocht Aontaithe |

| **Téarma** | **Sainmhíniú** |
|---|---|
| CGO | Coiste Gairmoideachais |
| SDGT | Scéim Deiseanna Gairmtheagaisc |
| LAF | Líonra Achair Fhairsing |
| MSU BCF | Meastóireacht ar an Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim |
| TFÓ | Tionscnamh Fostaíochta Óige |

# *Foscríbhinn II: Liosta Fíoracha*

Fíor 1: Achoimre ar BOO Chiarraí
Fíor 2: Príomhshuíomhanna BOO Chiarraí
Fíor 3: Struchtúr Eagraíochtúil
Fíor 4: Bunluachanna BOO Chiarraí
Fíor 5: Dréacht-Thuarascáil Feidhmithe

# *Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*
# *Admhálacha agus Caiteachas Réamh-mheasta*

| | An Bhliain dar Críoch 31/12/2020 Réamhmheasta | An Bhliain dar Críoch 31/12/2019 gan Iniúchadh |
|---|---|---|
| **ADMHÁLACHA** | € | € |
| Deontais Scoileanna & na Ceannoifige | 24,484,682 | 27,981,131 |
| Deontais na Pobalscoileanna Náisiúnta | 64,980 | 26,519 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | 28,249,563 | 29,567,849 |
| Iar-Ardteistiméireacht (2020) | 3,241,609 | 0 |
| Deontais Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn | 0 | 5,292 |
| Deontais Seirbhísí Óige | 717,074 | 492,806 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féin-mhaoinithe | 3,200,000 | 3,126,776 |
| Caipiteal | 7,966,250 | 3,104,042 |
| | **67,924,158** | **64,304,415** |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Scoileanna & an Cheannoifig | 24,690,188 | 27,787,034 |
| Pobalscoileanna Náisiúnta | 118,552 | 91,069 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 33,889,901 | 28,541,580 |
| Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn | 0 | 2,292 |
| Seirbhísí Óige | 717,074 | 426,995 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féin-mhaoinithe | 3,200,000 | 3,130,763 |
| Caipiteal | 7,860,185 | 3,210,107 |
| | **70,475,900** | **63,189,840** |
| **Barrachas Airgid / ( Easnamh) don Tréimhse** | **(2,551,742)** | **(1,443,268)** |

De réir Alt 36 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013:
*"Ní dhéanfaidh bord oideachais agus oiliúna, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, caiteachas a thabhú, le linn aon bhliain airgeadais, de bhreis ar an méid arna chinneadh ag an Aire faoi fho-alt (1)(b) gan toiliú an Aire".*

Tá na Réamh-mheastacháin do 2020, mar a léirítear thuas, ag réamh-mheas easnamh €2,551,742. Dá réir sin, sa chás nach leor cinneadh deiridh SOLAS chun freastal ar an soláthar atá beartaithe, gearrfar siar ar ghníomhaíochtaí.

# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
# Íocaíochtaí Scoileanna & na Ceannoifige

| | An Bhliain dar Críoch 31/12/2020 Réamhmheasta | An Bhliain dar Críoch 31/12/2019 gan Iniúchadh |
|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Scoileanna & na Ceannoifige** | **Iomlán** | |
| **ÍOCAÍOCHT** | € | € |
| Teagasc | 19,319,611 | 22,392,823 |
| Riarachán | 2,458,405 | 2,327,881 |
| Cothabháil | 640,365 | 600,142 |
| | **22,418,381** | **25,320,846** |
| **NEAMHÍOCAÍOCHT** | | |
| Riarachán | 611,887 | 703,095 |
| Cothabháil | 815,849 | 941,614 |
| Teagasc | 141,205 | 168,813 |
| | **1,568,941** | **1,813,522** |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | |
| Tacaíocht Seirbhísí Scoile | 259,087 | 230,786 |
| Deontas Leabhar/Mic Léinn ar an nGannchuid | 83,676 | 60,905 |
| DEIS | 74,500 | 84,109 |
| An Idirbhliain | 23,370 | 10,085 |
| Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh | 14,520 | 29,232 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | 7,852 | 7,221 |
| Caipitíocht na Mac Léinn ar Taistealaithe iad | 13,869 | 19,586 |
| Fisic/Ceimic | 2,184 | 5,209 |
| Ciste Míchumais | 6,500 | 7,792 |
| Coimhdire Iompair | 6,000 | 5,760 |
| Eolaíocht Scoile | 3,200 | 3,293 |
| Deontas Tacaíochta d'Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta | 2,108 | 892 |
| Deontas Bonneagair TFC | 96,000 | 138,284 |
| An Chomhpháirtíocht Áitiúil don Óige Chruthaitheach | 110,000 | 49,512 |
| | **702,866** | **652,666** |
| **Bunscoil** | | |
| Pobalscoileanna Náisiúnta | 118,552 | 91,069 |
| | **118,552** | **91,069** |

# *Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*
# *Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna*

| | An Bhliain dar Críoch 31/12/2020 Réamhmheasta | An Bhliain dar Críoch 31/12/2019 gan Iniúchadh |
|---|---|---|
| | **Iomlán** | **Iomlán** |
| **BREISOIDEACHAIS** | **€** | **€** |
| SDOG | 2,496,759 | 2,529,759 |
| Ógtheagmháil | 2,466,241 | 2,619,550 |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | 707,400 | 690,020 |
| Litearthacht d'Aosaigh | 697,433 | 699,468 |
| Oideachas Pobail | 316,642 | 269,695 |
| Seirbhís Treorach Oideachais d'Aosaigh | 204,428 | 200,225 |
| Caipitíocht Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta | – | 73,726 |
| Measúnú DCCE Ceaptha go hÁitiúil | 72,580 | 83,582 |
| Fíordheimhnithe Seachtracha DCCE | 100,000 | 13,767 |
| Dianteagasc | 92,444 | 10,356 |
| Litearthacht Teaghlaigh DEIS | – | 7,371 |
| Bunoideachas BCTE | 37,500 | 82,219 |
| Oidhreacht/SOLAS Tacaíocht Riaracháin/ONP/BOaO | 17,600 | 2,277,369 |
| Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna | 26,000 | 830,005 |
| Dearbhú Cáilíochta & Aonad Curaclaim (nua in 2019) | 2,282,295 | 488,514 |
| Iar-Ardteistiméireacht (nua in 2020) | 859,826 | 0 |
| Ceapaigh na Lao (nua in 2020) | 532,334 | 0 |
| Aonad Earcaíochta Cúrsa | 25,000 | 61,777 |
| | **14,531,877** | **10,937,403** |
| **OILIÚINT** | | |
| Sainsoláthraithe Oiliúna | 2,767,229 | 2,696,833 |
| Fondúireacht Idirlinne & Oiliúint Scileanna | 3,162,707 | 2,780,673 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 863,688 | 840,653 |
| Foireann & Oibríochtaí | 3,592,228 | 3,291,107 |
| Cúrsaí Oiliúna | 3,519,041 | 2,978,553 |
| Printíseacht roimh 2016 | 3,957,031 | 3,705,521 |
| Printíseacht 2016+ | 66,100 | 57,302 |
| Costais Oibriúcháin | 930,000 | 908,216 |
| Cúrsaí Oíche & Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh | 350,000 | 345,319 |
| Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna | 150,000 | 0 |
| | **19,358,024** | **17,604,177** |
| **Iomlán** | **33,889,901** | **28,541,580** |

# *Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*

| | | |
|---|---|---|
| **ÍOCAÍOCHTAÍ DO SHEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA MAC LÉINN** | | |
| Deontais agus Scoláireachtaí | 0 | 2,292 |
| | **0** | **2,292** |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ DO SHEIRBHÍSÍ ÓIGE** | | |
| Tionscnamh Infhostaitheachta Óige | 0 | 40,000 |
| Ionad Faisnéise Óige | 115,677 | 28,919 |
| Tionscadail Speisialta don Óige / Deontas Maoinithe Spriocdhírithe don Óige | 427,958 | 153,184 |
| An tAcht um Obair don Aos Óg (Plean Forbartha Oibre don Aos Óg) | 117,139 | 155,853 |
| Deontas Club Óige (Rannóg Spóirt) | 56,300 | 49,039 |
| | **717,074** | **426,995** |

# *Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*
# *Clár Caipitil*

| | | | An Bhliain dar Críoch 31/12/2020 Réamhmheasta |
|---|---|---|---|
| | **CAIPITEAL** | | |
| | **Admhálacha** | | € |
| | An Roinn Oideachais agus Scileanna | | 7,510,185 |
| | SOLAS | | 350,000 |
| | Eile | | 106,065 |
| | | | **7,966,250** |
| | **Payments** | | |
| 1 | Ionad Oideachais Allamuigh Cheapaigh na Lao | Iarratas ar Chaipiteal Spóirt (Teach Bád, Dearadh & Pleanáil) | €9,000 |
| 2 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Athchóiriú don Eacnamaíocht Bhaile | €120,000 |
| 3 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Suiteáil Dhá Fhoirgneamh Réamhdhéanta | €70,000 |
| 4 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Trealamh | €3,000 |
| 5 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | EWS – Uasghrádú Teasa | €100,000 |
| 6 | Coláiste Gleann Lí | Tionscadal Scartha - Tollán | €55,000 |
| 7 | Coláiste Gleann Lí | EWS – Oibreacha Iontrála | €39,000 |
| 8 | Coláiste Gleann Lí | Trealamh Teicneolaíochta Feidhmí/Innealtóireachta | €108,000 |
| 9 | Coláiste Gleann Lí | Tionscadal Aerála | €55,000 |
| 10 | Coláiste na Sceilge | Trealamh Innealtóireachta/Staidéir Tógála | €60,000 |
| 11 | Coláiste na Ríochta | EWS – Uasghrádú Teasa | €110,000 |
| 12 | Coláiste na Ríochta | Foirgneamh Réamhdhéanta | €35,000 |
| 13 | Coláiste na Ríochta | Trealamh Teicneolaíochta Feidhmí | €68,000 |
| 14 | Coláiste na Ríochta | Trealamh Tógála | €25,000 |
| 15 | Coláiste na Ríochta | EWS- Deisiúcháin Dín | €40,000 |
| 16 | Gaelcholáiste Chiarraí Nua | Tógáil | €5,000,000 |
| 17 | Coláiste Pobail Chill Airne | EWS – Athsholáthar Coire | €110,000 |
| 18 | Coláiste Pobail Chill Airne | Trealamh Staidéir Tógála | €15,000 |
| 19 | Coláiste Pobail Chill Airne | Tógáil Aonad ASD | €400,000 |
| 20 | Coláiste Pobail Chill Airne | SWS – Uasghrádú ar an gCóras Sábháilteachta Beatha | €105,000 |
| 21 | Coláiste Pobail Chill Airne | Acmhainn Rochtana | €30,000 |
| 22 | Coláiste Pobail Chill Airne | EWS – Díon Spórtlainne | €35,000 |
| 23 | Pobalscoil an Ghleanna | EWS – Aláram Dóiteáin | €20,000 |
| 24 | Pobalscoil an Ghleanna | Deontas Caipitil Mionoibreacha | €5,500 |
| 25 | Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar | | €300,000 |
| 26 | Scoil Náisiúnta Lios Teilice | Tionscadal Tiomnaithe | €500,000 |
| 27 | Pobalscoil Náisiúnta Thathuile | Deontas Caipitil Mionoibreacha | €5,500 |
| 28 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Oibreacha Éigeandála - Sceitheanna | €10,800 |
| 29 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Baint Dusta | €10,211 |
| 30 | Coláiste na Ríochta | Oibreacha Éigeandála – Umar Uisce | €16,280 |
| 31 | Coláiste na Sceilge | Oibreacha Éigeandála – Aeráil | €3,257 |
| 32 | Gaelcholáiste Chiarraí (atá ann cheana) | Oibreacha Éigeandála – Athsholáthar Dín | €12,996 |
| 33 | Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle | Athchóiriú | €33,641 |
| 34 | Caipiteal SOLAS | Leithdháileadh Caipitil | €350,000 |
| | | | **7,860,185** |

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

QQI AWARD

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD